NCAD DUBLIN

National College of Art and Design
*A Recognised College of University College Dublin*

# Tuarascáil Bhliantúil 2019-20

**CLÁR ÁBHAIR**


| | | LEATHANACH | |
|---|---|---|---|
| 1. | RÉAMHRÁ | 3 | |
| 2. | OIBRÍOCHTAÍ AGUS RIALACHAS AN CHOLÁISTE | 4-6 | |
| 3. | CLÁIR NUA AGUS FORBAIRTÍ ACADÚLA | 6-7 | |
| 4. | TIONSCADAIL AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ<br>a. CLÁR IARCHÉIME NCAD AR LÍNE 2020<br>b. NCAD SA PHOBAL<br>c. LEABHARLANN EDWARD MURPHY AGUS LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA nAMHARC-EALAÍON (NIVAL)<br>d. TÍRDHREACH SEACHTRACH | 7-10 | |
| 5. | DÁMHACHTAINÍ AGUS GNÓLACHTAÍ | 10-12 | |
| 6. | STAITISTICÍ MAC LÉINN | 13 | |
| 7. | RÁITIS AIRGEADAIS | 15 | AR AGHAIDH |

## 1. RÉAMHRÁ

I ndiaidh sheoladh na Straitéise, *Futures, Bold and Curious* i mí an Mheithimh 2019, thosaigh NCAD Bliain Acadúil 2019/2020 agus é dírithe ar an straitéis a chur i bhfeidhm trí chúig thionscadal shainithe straitéiseacha a raibh pleananna oibre mionsonraithe mar bhonn agus taca leo. Leagtar amach sa Straitéis spriocanna uaillmhianacha NCAD maidir lena chultúr teagaisc agus foghlama agus taighde a fhorbairt, nasc a dhéanamh leis an saol lasmuigh de NCAD agus leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar na córais agus próisis is gá chun a chinntiú gur eagraíocht éifeachtach é.


Leanadh ar aghaidh i mbliana le forás inbhuanaithe ár mac léinn fhochéime pháirtaimseartha agus lánaimseartha leis an bhforbairt tuilleadh a rinneadh ar an mbliain *Studio Plus* a bhí ar fáil mar bhliain roghnach do na mic léinn go léir a bhí i mbun Dearaidh, na Mínealaíne agus an Chultúir Fhísiúil. Faigheann mic léinn blaiseadh ar an bhfoghlaim sa saol nithiúil agus ar mhalartú idirnáisiúnta. Tháinig laghdú beag ar líon na mac léinn iarchéime toisc gur cuireadh cúrsaí áirithe ar fionraí agus muid ag gabháil trí thréimhse forbartha cúrsaí iarchéime.

Rinneadh dul chun cinn suntasach arís i mbliana maidir le staid airgeadais NCAD a neartú agus fógraíodh barrachas €366,000 ag deireadh na bliana. Ceapadh Gerry McCoy ina Chláraitheoir/Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus le linn a chéad bhliana in oifig, lean sé de phlean feabhsaithe rialachais NCAD a chur chun feidhme agus béim ar leith á cur ar an gCód Rialachais 2016 a chomhlíonadh. Cuireadh béim ar leith ar chúrsaí soláthair, bainistíocht riosca agus athbhreithniú ar bhonneagar TF an champais.

Mar a tharla sa tsochaí go ginearálta, bhí dúshláin nach bhfacthas riamh roimhe sin roimh NCAD i mí an Mhárta 2020 nuair a dúnadh an campas den chuid eile den bhliain acadúil mar thoradh ar an bpaindéim. Mar Choláiste ina dtarlaíonn formhór mór na foghlama sa stiúideo, bhí gá le pobal NCAD casadh iomlán a dhéanamh chuig an bhfoghlaim ar líne. Cuireadh creat i bhfeidhm chun an t-aistriú chuig measúnú ar líne a éascú. Síneadh an bhliain acadúil le haghaidh mac léinn a bhí lena gcéimeanna a chríochnú chun tacú leo tionscadail na bliana deireanaí a chur i gcrích go digiteach. Tugadh deis do mhic léinn na bliana deireanaí a bhí bunaithe sa stiúideo teacht isteach sa Choláiste i mí Mheán Fómhair 2020, i ndiaidh na measúnuithe, le linn Mhí na nDéantóirí, agus bhí rochtain acu ansin ar na saoráidí a bhí ag teastáil uathu chun a dtionscadail deiridh a chríochnú. Sheol an tAire Simon Harris Taispeántas Ar Líne NCAD le linn na tréimhse seo agus reáchtáladh roinnt stiúideonna oscailte ar líne agus sraith de thionscadail céimithe i nDánlann NCAD le linn gheimhreadh 2020. D'ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí rompu, léirigh ár gcéimithe 2020 athléimneacht agus díograis dochreidte agus iad ag druidim chun deiridh a dtréimhse in NCAD i gcúinsí a bhí i bhfad Éireann ní ba dhifriúla ná mar a rabhthas ag súil leo. Tugadh aitheantas ar cháilíocht na hoibre a baineadh amach le roinnt gradam náisiúnta agus idirnáisiúnta mór le rá agus ba mhaith linn Céimithe 2020 a thréaslú go huasal as a ngnólachtaí iontacha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na mic léinn araon as a dtiomantas iontach don Choláiste le linn na bliana seo a bhí thar a bheith dúshlánach. Chruthaigh tionchar na paindéime agus dúnadh an champais dúshláin mhóra do gach gné d'oibríochtaí NCAD agus d'fhreagair an fhoireann go tapa agus go héifeachtach chun réitigh nuálacha a aimsiú, agus lena chinntiú gur tugadh tús áite d'eispéireas foghlama na mac léinn i gcónaí. D'ainneoin ár bhfaid fhisicigh, bhí an muintearas atá ina shaintréith ag NCAD chomh láidir agus a bhí riamh le linn na tréimhse deacra seo, rud a lig do NCAD aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, lán de dhíograis agus diongbháilteacht chomhroinnte.

Ar deireadh, thar ceann NCAD, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus don Údarás um Ard-Oideachas as a dtacaíocht leanúnach, agus aitheantas ar leith a thabhairt don tacaíocht bhreise a cuireadh ar fáil a chuir ar acmhainn NCAD tabhairt faoi na dúshláin a bhain leis an bpaindéim.



An Dr Richard Thorn
Stiúrthóir
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD)

## 2. OIBRÍOCHTAÍ AGUS RIALACHAS AN CHOLÁISTE

An tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971 Alt 16(1):

"Tabharfaidh an Bord tuarascáil don Aire in aghaidh na bliana ar imeachtaí an Bhoird faoin Acht seo i gcaitheamh na bliana acadúla roimhe sin de chuid an Choláiste agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."

### An Bord

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach an Bhoird** | An Dr Richard Thorn (ón 23/03/2018) |
| **Comhaltaí an Bhoird** | Frederick Goltz (ón 23/03/2018)<br>Darragh Hogan (ón 23/03/2018)<br>An Dr Declan Long (ón 23/03/2018)<br>Jane McDaid (ón 23/03/2018)<br>Gráinne Murphy (ón 05/02/2016)<br>Christine O'Donovan (ón 23/03/2018)<br>Sonia O'Dwyer (ón 23/03/2018)<br>Sinéad Ryan (ón 23/03/2018)<br>Rachel Tuffy (ón 15/06/2015) |
| **Oifigeach an Bhoird** | An tOllamh Sarah Glennie, Stiúrthóir Eatramhach agus Comhalta Ex officio den Bhord (ón 01/01/2018)<br>Gerry McCoy, Cláraitheoir/Rúnaí (Deireadh Fómhair 2019) |
| **Comhaltaí na Comhairle Acadúla** | An Dr Patsey Bodkin<br>Michelle Browne<br>Caoimhe Cronin, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn, NCAD<br>An tOllamh David Crowley<br>John Paul Dowling<br>An Dr Feargal Fitzpatrick<br>Taffina Flood<br>An Dr Andrew Folan<br>Mary Avril Gillan<br>An tOllamh Sarah Glennie, Cathaoirleach<br>Lisa Godson<br>Brian Hand<br>An Dr Siún Hanrahan<br>An Dr Nuala Hunt<br>Kristina Huxley<br>An tOllamh Dervil Jordan<br>Caelainn Kerrigan, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn, NCAD<br>Fiona King<br>An Dr Helen McAllister<br>Cathy McCartney<br>Gerry McCoy<br>An tOllamh Alex Milton<br>An tOllamh Philip Napier<br>Kilian O'Callaghan<br>Enda O'Dowd<br>Sonia O'Dwyer, Cathaoirleach, ESU<br>Angela O'Kelly<br>Mark O'Kelly<br>Donna Romano<br>Sam Russell |

Sheol an tAire Mary Mitchell O'Connor Plean Straitéiseach NCAD, ***Futures, Bold and Curious*** ar an 18 Meitheamh 2019. Leagtar amach sa straitéis uaillmhianach seo fís agus cuspóirí straitéiseacha NCAD go dtí 2024. D'fhaomh an Bord plean forfheidhmithe mionsonraithe i mí na Samhna 2019 agus bhí soláthar na straitéise leagtha amach ina chúig thionscadal straitéiseacha: *Beyond NCAD, Building a Research Culture, Learning and Teaching, Working Together Better agus Enabling Projects.*


**Forléargas Airgeadais**

Le linn bhliain airgeadais 2019/2020, bhí láimhdeachas €18.974m (€18,962: 2019) agus costais ghaolmhara €18,608 (€18,685: 2019) ag an gColáiste; sin méadú ó thaobh barrachais de go €366,000 (€277,000: 2019).

**Foinsí Ioncaim**
Bhain €17.166m den ioncam le táillí mac léinn, agus bhí €8.851m den mhéid sin bainte le deontais Stáit, agus bhain €8.315m de le táillí Acadúla.

**Caiteachas**

**Caiteachas don bhliain**
Sa bhliain dar chríoch 2019/2020, bhí laghdú beag ann ó thaobh an chaiteachais fhoriomláin. Bhain an chatagóir b'airde caiteachais le costais a bhaineann le foireann (66%) agus costais phinsin (16%). Bhain 18% den chaiteachas iomlán le costais oibríochtúla.




**Rialachas**
Bunaíodh Bord den Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha faoin Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 5 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó.
Tá cur síos iomlán de struchtúir agus gníomhaíochtaí Rialachais leagtha amach ar leathanach 4 de na ráitis airgeadais.

**An Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint (RSGC)**
Díríodh i rith na bliana ar chomhlíonadh NCAD le RSGC, ag forbairt treochlár do chomhlíonadh NCAD sa chéad tréimhse ama eile. Leanaimid de mhonatóireacht a dhéanamh agus comhlíonadh le ceanglais RSCG a chinntiú.

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 8 n-uaire ó Dheireadh Fómhair 2019 go dtí Meán Fómhair 2020. Tá cur síos iomlán ar ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leagtha amach ar leathanach 6 de na ráitis airgeadais.

**Tuarascáil Bhliantúil faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014**
Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don Choláiste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

**Sláinte agus Sábháilteacht**
Fuair Bord tuarascálacha agus nuashonruithe cuimsitheacha rialta ón mBainisteoir Áiseanna ar dhul chun cinn na n-anailísí ar chomhlíonadh agus bainistíocht sláinte agus sábháilteachta.

Fuarthas deontas ón Údarás Ardoideachais chun cabhrú le hobair fheabhais sa Choláiste. Áiríodh sa chlár oibre tosaigh athsholáthar a dhéanamh ar na doirse dóiteáin go léir, uasghrádú a dhéanamh ar shoilsiú éigeandála agus ar chomharthaíocht i bhFoirgneamh na Gráinsí. Le linn 2020, chuir an fhoireann dearaidh na pleananna maidir le ceanglais agus tairiscintí i gcrích. Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích le linn an tsamhraidh in 2020. Chuir srianta Covid isteach go mór ar an gcéad chéim den tionscadal.

Le linn 2019, lean an Coláiste ar aghaidh leis an obair chun Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a fhorbairt, le cúnamh ó SMT. Tá an obair fós ar siúl chun measúnú riosca a bhunú le haghaidh gach rannóg, chomh maith le ceanglais iomchuí oiliúna chun é a chomhlíonadh.

**Bonneagar an Champais**
Ní dhearnadh mórán infheistíochta NCAD i mbonneagar champas NCAD le blianta beaga anuas. Beidh an cistiú caipitil a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ina chabhair chun aghaidh a thabhairt ar roinnt oibre, córais braite agus coiscthe dóiteáin. Le linn na bliana, áfach, díríodh ar phlean feabhsúcháin campais a fhorbairt do na blianta amach romhainn agus tosaíochtaí agus acmhainní sainaitheanta ina gcuid de, chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna criticiúla agus breithniú á dhéanamh ar fhorbairt campais fadtéarmacha ag an am céanna.

**Freagairt COVID-19**
I mí an Mhárta 2020, dúnadh Campas NCAD agus cuireadh tús le foghlaim ar líne an tseachtain dár gcionn. Coimeádadh an campas dúnta go dtí mí Mheán Fómhair 2020 nuair a osclaíodh na stiúideonna arís dár mic léinn céime le linn Mí na nDéantóirí . Bhí rochtain acu ansin ar na saoráidí a bhí uathu chun a dtionscadail deiridh a chríochnú.
I ndiaidh measúnú riosca iomlán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ar fad, leanadh ar aghaidh leis an mbliain acadúil 2020/21 i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus seachadadh cumaisc i gceist do na mic léinn stiúideobhunaithe go léir.

## 3. CLÁIR NUA AGUS FORBAIRTÍ ACADÚLA

### a. Forbairtí cláir

<u>MGO (Máistir Gairmiúil le hOideachas) i nDearadh, Teicneolaíocht & Innealtóireacht</u>
In 2019, fuair NCAD maoiniú chun tacú le Máistir Gairmiúil le hOideachas i nDearadh, Teicneolaíocht agus Innealltóireacht a fhorbairt. Rinne Scoil an Oideachais agus Scoil an Dearaidh, i gcomhar le baill d'fhoireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (Teicneolaíocht) an clár a fhorbairt.

Rinne an Chomhairle Acadúil an clár a fhaomhadh i mí Dheireadh Fómhair 2019. In 2020, le linn an earraigh, i ndiaidh athbhreithniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, rinneadh iarratas maidir le hábhar innealtóireachta an chúrsa a fheabhsú. I ndiaidh comhairliúchán le comhairliúchán le comhghleacaithe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, cuireadh aighneacht athbhreithnithe faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta i rith shamhradh 2020 agus tá an próiseas creidiúnaithe fós ar siúl.

<u>Ard-Dioplóma san Ealaín</u>
I mí Feabhra 2020, rinne an Chomhairle Acadúil an Ard-Dioplóma san Ealaín, a ligeann do mhic léinn páirtaimseartha CEAD (Oideachas Leanúnach san Ealaíon agus Dearadh) 120 ECTS a bhaint amach ag Leibhéal 8 (coibhéiseach le 2 bhliain staidéir fochéime lánaimseartha) a fhaomhadh. Is dul chun cinn é an tArd-Dioplóma ó na trí Theastas Ollscoile CEAD a faomhadh an bhliain roimhe sin.

<u>Cláir Nasctha BA sa Dearadh agus BA sa Mhínealaín le Cultúr Físiúil</u>
Fuarthas ceadú do na cláir nasctha sa Dearadh nó sa Mhínealaín le Cultúr Físiúil, ag baint úsáide as an mbliain Studio+ sa Dearadh nó sa Mhínealaín chun creidiúint leordhóthanach a bhaint amach i gCultúir Chriticúla le haghaidh céimeanna nasctha.
Is féidir le mic léinn fhochéime sna cúrsaí BA sa Dearadh agus BA sa Mhínealaín tabhairt faoi:
- mórdhámhachtain aonair (BA sa Dearadh nó BA sa Mhínealaín)

- a mórdhámhachtain a chónascadh le miondhámhachtain i gCultúir Chriticiúla (BA sa Dearadh le Cultúir Chriticiúla, nó BA sa Mhínealaín le Cultúir Chriticiúla)
- mórdhámhachtain cónasctha a chuimsíonn Dearadh nó Mínealaín agus Cultúr Físiúil (BA sa Dearadh agus Cultúr Físiúil nó BA sa Mhínealaín agus Cultúr Físiúil).

Dámhachtainí Amach do na cláir fhochéime go léir
Mar chuid de thiomantas NCAD do thacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus d'aitheantas a thabhairt do rathúlacht mac léinn, tugadh isteach dámhachtainí amach dár BA (mórdhámhachtain aonair) sa Dearadh agus sa Mhínealaín (ag tairiscint Ard-Dioplóma sa Dearadh/Mínealaín), agus dár BA san Oideachas agus sa Dearadh/Mínealaín (BA sa Léann Oideachais agus Dearadh/Mínealaín).
Níl na dámhachtainí amach seo ar fáil ach amháin i gcúinsí eisceachtúla).

Freagairt COVID-19
Ón taobh acadúil, seo cuid de na bearta COVID-19 a tugadh isteach le linn 2019/20:

- Aistriú láithreach go foghlaim ar líne agus *Google Classroom* agus *Zoom* á n-úsáid mar phríomhardáin chun cláir a sheachadadh.
- Cuireadh Creat Acadúil agus treoir mhionsonraithe i bhfeidhm maidir le *Google Classroom* agus *Zoom* a úsáid chun tacú le baill foirne agus le mic léinn agus iad ag obair go cianda.
- Tugadh isteach líontán sábhála le haghaidh na mac léinn uile.
- Rinneadh coigeartú ar na spriocanna inghnóthaithe i gcás modúlacha áirithe ar fud ár gclár.
- Síneadh na spriocdhátaí do thionscadail stiúideo i gcás mhic léinn lánaimseartha na dámhachtana deireanaí.
- Rinneadh infheistíocht shuntasach i gcatalóg dhigiteach do mhic léinn na dámhachtana deireanaí, agus clár de thaispeántais ó chéimithe i nGailearaí NCAD i rith 2020/21.

### b. Forbairtí Beartais

Tuairiscíní Grád
Rinneadh athbhreithniú ar Thuairiscíní Grád NCAD. D'fhaomh an Chomhairle Acadúil na tuairiscíní grád le linn earrach 2020 lena gcur chun feidhme ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Beartas Maoine Intleachtúla
I mí Bealtaine 2020, faomhadh leagan nuashonraithe de Bheartas Maoine Intleachtúla NCAD a chomhlíonann Prótacail Náisiúnta na hÉireann maidir le Maoin Intleachtúil.

## 4. TIONSCADAIL AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### a. CLÁR IARCHÉIME NCAD AR LÍNE 2020
Cuireadh tús le Clár Céimithe 2020 i mí Mheán Fómhair 2020. Toisc go raibh srianta COVID-19 i bhfeidhm, reáchtáladh ár gClár ar líne. Léirigh ár gcatalóg dhigiteach, *NCAD Works*, obair ár mac léinn a raibh céim le bronnadh orthu in 2020; grúpa iontach ar fad a chur a n-aistear NCAD i gcrích le linn laethanta nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe sin. Is féidir teacht ar an gcatalóg anseo.

Rinne an clár ar líne agus fíorúil seo obair ár gcéimithe a chur chun cinn agus a léiriú trí chraoltaí ó chainéil meán sóisialta NCAD. Is éard a bhí sa chlár ná sraith de chraoltaí coimeádta ar líne, lena n-áirítear: fínéid scannánaithe sa chúlra arna ndéanamh ag mic léinn; cleachtaí fíorúil agus cleachtaí lionsa-bhunaithe a chur ar an scáileán; agus siompóisiamaí ar líne.

### b. NCAD In Public
D'óstáil NCAD In Public roinnt taispeántas i rith na bliana lena n-áirítear:

Mar chuid den tionscadal Change Lab 2019, chuir Gailearaí NCAD an t-ealaíontóir Meiriceánaigh Mark Dion i láthair chun labhairt faoina chleachtas Déardaoin an 28 Márta 2019. Léirigh **Change Lab 2019: What does it mean to create and shape art and design curriculum for the 21st century learner?** a reáchtáladh ón 20 Márta go dtí an 16 Aibreán 2019, ábhar imní an Oideachais Forbartha mar chuid d'oiliúint mhúinteoirí NCAD i gcomhar le haidhmeanna Ghréasán Ubuntu.

Chuir Gailearaí NCAD **The Office for Common Sound (OCS)** i láthair, spás tionscadail fáin arna bhainistiú ag an ealaíontóir Sven Anderson ón 29 Aibreán - 12 Bealtaine 2019. Bhí dhá imeacht eagraithe ina gcuid de: Office Politics - The Office for Common Sound - Sven Anderson, agus The City of Participation - The Office for Common Sound - Sven Anderson.

Reáchtáladh **In the Age of Conscious Makers,** ón 1 Samhain 2019 - 6 Eanáir 2020, ar thaispeántas grúpa é ina raibh saothair ealaíne is deartha comhaimseartha ina gcuid de, agus iad ailínithe le heiseamail taighde ar iasacht ó bhailiúchán Mhúsaem Geolaíoch Choláiste na Tríonóide, an Roinn Geolaíoch, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus ba í Anne Kelly, Coimeádaí Ghailearaí NCAD a bhí mar choimeádaí ar an taispeántas. I measc chleachtóirí an taispeántais, bhí: Bassam Al-Sabah, Felicity Clear, Niamh Coyle, Elements of Action, Sonja Landweer, Isabel Loughran, Ruth E Lyons, Fergus Martin, Fiona McDonald, Jennifer Mehigan, Helen O'Connell, Nuala O'Donovan, Cóilín Ó Dubhghaill, Niamh O'Malley, Izzy O'Reilly, Michael Ray agus Vivienne Roche.

Chuir Gailearaí NCAD Gallery dhá thaibhiú de **Ack Ro',** leis an ealaíontóir Jaki Irvine ar siúl ar an 9 Eanáir 2020, agus na ceoltóirí Louise Phelan, Joe O'Farrell, Izumi Kimura, agus Sarah Grimes in éineacht léi.

**Íomhánna Faoi Thalamh: Scoil na hAmharcealaíona (SVA NYC):** Léiríodh an taispeántas **Subway Posters, 1947 to the Present**, sraith de 60 phóstaer arna gcruthú i Scoil na hAmharc-ealaíona lena dtaispeáint i gcóras ollmhór an traein faoi thalamh i Nua-Eabhrac i nGailearaí NCAD ón 13 – 31 Eanáir 2020.

Reáchtáladh **Other People's Practices (OPP) Juncture,** dhá imeacht léachta ó na healaíontóirí cónaithe Glenn Loughran agus Jonathan Cummins ar an 28 Feabhra 2020**.** Is tionscadal cónaitheacht ealaíontóirí agus taighde é OPP, a thacaíonn chun tionscadail chomhoibritheacha pobalghníomhacha a dhéanamh in Oileán Uiséir, Baile Átha Cliath 8.

Chuir Gailearaí NCAD dhá thionscadal roghnaithe GLAO OSCAILTE mac léinn, **PURGATORY** agus **PANALOBBY** i láthair ón 5 – 11 Márta 2020.

Nuair a dúnadh an Gailearaí i mí an Mhárta 2020, aistríodh NCAD In Public chuig gníomhaíochtaí ar líne den chuid eile den bhliain. Ina measc siúd, bhí:

Tionscadal nuachoimisiúnaithe, **Tongue The Sun, leis an ealaíontóir Jonah King**. Reáchtáladh taispeántas ar líne a dhírigh ar chomhráite maidir le héiceolaíocht aiteach, lena n-áirítear sliocht as an aiste *Unfathomable Intimacies* le Jonah King, a craoladh beo ar chainéal YouTube Ghailearaí NCAD ar an 17 Iúil 2020.

Craoladh Sraith Dhigiteach NCAD In Public, **The Air We Breathe: Multiple Publics in Future Practice** beo ar chainéal YouTube Ghailearaí NCAD ar an 30 Iúil 2020.

**Cuireadh siompóisiam ar líne, Kitchen Power: National Parallels,** i láthair ar an 16 & 17 Meán Fómhair 2020. Ba shiompóisiam idirnáisiúnta dhá lá é a thug spléachadh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a bhí ann i gcomhthéacsanna náisiúnta i gcistiní nua-aimseartha lár na haoise in Éirinn, sa Spáinn, i gCríoch Lochlainn, i gCeanada agus sa Chóiré.

**c. Leabharlann Edward Murphy agus Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon (NIVAL)**

<u>Príomhfhorbairtí agus Tiomsú Airgid</u>
Soláthraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córas nua bainistíochta leabharlainne agus bronnadh é ar OCLC dá gcórais WorldShare/WorldCat agus Discovery.
Bhronn an Chomhairle Ealaíon maoiniú ioncaim de €65,000 ar NIVAL don tréimhse Eanáir go Nollaig 2020.
Fuair an Leabharlann deontas beag ó chiste comórtha 50 bliain Chumann na Leabharlainne Ealaíne (ARLIS) le haghaidh imeacht chun táirgeadh ríomhirisí a cheiliúradh.

<u>Rannpháirtíocht Mac Léinn</u>
Thuairiscigh an leabharlann ardleibhéil rannpháirtíochta mac léinn i ndiaidh próiseas nua ionduchtúcháin do Mhic Léinn Céad Bliana, lena n-áirítear tasc a chur isteach ar líne.

<u>Bainistiú an Bhailiúcháin</u>
Rinneadh obair mhór ar an suíomh le linn 20219-20 - ag bogadh leabhar chuig áiteanna nua, irisleabhair a bhogadh laistigh de Leabharlann Edward Murphy agus laistigh de na trí áit stórála de chuid na leabharlainne - an Portacabin, an Sróras Nua agus an Fortheach.
Rinneadh feabhsúcháin in áitreabh NIVAL, lena n-áirítear seomra in aice láimhe a chruthú chun an bailiúchán a stóráil ann. Dúnadh an Seomra Léitheoireachta don bhliain acadúil chun díriú ar stóráil agus comhdhlúthú sábháilte bailiúchán agus cartlann speisialta. Rinneadh eisceachtaí i gcás iarrthóirí dochtúireachta agus taighdeoirí a raibh ceanglais fhoilsitheoireachta ná coimeádta orthu.

<u>Sealbhúcháin / Taiscí / Tiomnachtaí</u>
Cuireadh roinnt bailiúchán suntasach le NIVAL trí shealbhúchán nó taisce: Cartlann den **Artists' Campaign to Repeal the Eighth Amendment**; **Richard Lewis**: cartlann phreasa, grianghraif, líníochtaí agus píosaí scannánaíochta arna dtiomnú ag an dearthóir faisin; fuarthas dá bhailiúchán mór eile de dhoiciméid a bhaineann le cúrsaí faisin ó na dearthóirí **Liz Cleary** agus **James Waldron**. Taifid, líníochtaí agus cartúin institiúideacha ó **Murphy Devitt**

**Stained Glass;** cartlann iomlán an **Women Artists Action Group** (W.A.A.G.) ón mbunaitheoir Pauline Cummins; Bailiúchán sleamhnán **Public Art Commissions** arna chur i dtaisce ag Jenny Haughton; cartlann institiúideach iomlán de chuid an **Monster Truck Gallery**; cartlann ghrianghraf iomlán de chuid **Gerry Farrell**, grianghrafadóir cónaitheach TBG&S ó 1983 go dtí 2018; comhaid riaracháin **MExIndex**; taifid na heagraíochta déantóirí **Irish Feltmakers**. Thug Angel Luis Fernandez taisce mhór d'ábhar doiciméadach ón **Tionscadal Leabharlainne, ó Fhéile PhotoIreland** agus **ón Músaem Grianghrafadóireachta Comhaimseartha (MoCPI).** Bronnadh leabharlann iomlán **Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde**, arna tiomsú ag John Hutchinson thar thréimhse 25+ bliain, ar leabharlanna NCAD. Thug an t-ealaíontóir **Sean Hillen** bailiúchán mór doiciméid éagsúla don leabharlann: ábhar preasa, íomhánna, ábhar grianghrafadóireachta agus póstaeir ó thionscadail éagsúla. Dheonaigh muintir an dearthóra emigré Dúitseach **Cor Klaasen** a chartlanna iomlána don leabharlann. Clúdaíonn an bailiúchán iontach seo saol iomlán an ealaíontóra agus áirítear ann saothair a bhaineann le prionta, péint, líníocht agus dearadh grafach.

<u>For-rochtain/ Taispeántais</u>
Ghlac NIVAL páirt san **Fhéile PhotoIreland** le taispeántas cartlainne 6 phainéal a chur i láthair sa **Mhúsaem Grianghrafadóireachta Comhaimseartha** sa Chlólann, Caisleán Bhaile Átha Cliath.
Chuir NCAD le cartlann dhigiteach den tionscadal **The Change Lab**, tionscnamh do Scoil an Oideachais, ar fáil do Stór Taighde na nEalaíon agus an Chultúir san Oideachas (ACERR). Is é is aidhm de ACERR ná ardán domhanda a chaomhnú agus a chur ar fáil le haghaidh aschur taighde digitithe ó na healaíona in earnáil an oideachais. Tá na bailiúcháin á gcoimeád i Stór Digiteach na hÉireann.
Rinne an leabharlann dhá thaibhiú phoiblí a óstáil le **Denis Keogh / Esther Raquel Minsky**: *To All the Shops I've Loved Before* – cainteanna, léamha agus plé, mar aon le díolachán éadaí seanré, agus *Time Travelling Trans Texts* – léamha agus plé.

### d. Tírdhreach Seachtrach

**Oideachasóirí Dearaidh Éireann**
Is é an tOllamh Alex Milton an chéad Chathaoirleach d'Oideachasóirí Dearaidh Éireann, comhlacht ionadaíochta na n-institiúidí trí leibhéal a sholáthraíonn oideachas dearaidh. Áirítear i measc na bpríomhghníomhaíochtaí tionscadail fhorfheidhmithe Scileanna Dearaidh de chuid Shainghrúpa an Rialtais maidir le Riachtanais ó thaobh Scileanna de sa Todhchaí.

**An Tionscadal EyeVu**
Tá rannóg Dhearadh Tháirgí NCAD ina cuid de chuibhreannas a fuair maoiniú €3.2 milliún chun feiste leighis nua a dhearadh. Bronnadh an maoiniú as an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha de chuid na Roinne Fiontair, Gnó agus Nuálaíochta. Soláthróidh tionscadal EyeVU mioncheamara bunaithreach ionscóipe 'meall súile' a ligfidh do chliniceoirí féachaint timpeall cúinní ar bhealach nach raibh ann riamh cheana. Tá an cuibhreannas faoi stiúir an chomhlachta nua MedTech Tympany Medical, agus áirítear ann NCAD, Ionad CÓBAC do Theicneolaíocht Micrea/nano-Déantúsaíocht (UCD-MNMT), agus Gentian Services atá lonnaithe i Sionainn.
Mar chuid den tionscadal, beidh rannóg Dearaidh Táirgí NCAD páirteach i 3 phacáiste oibre, lena n-áirítear fiosrúchán comhthéacsúil, bailíochtú tosca a bhaineann leis an duine agus dearadh inbhuanaithe na feiste don gheilleagar ciorclach.

**Comhpháirtíocht Straitéiseach le hArd-Mhúsaem na hÉireann**
Sheol NCAD agus Ard-Mhúsaem na hÉireann comhpháirtíocht nua a chothóidh comhoibriú idir an dá institiúid ar shraith tionscadal sna trí bliana atá amach romhainn. Faoin gcomhpháirtíocht, oibreoidh NCAD agus an tArd-Mhúsaem le chéile ar chúrsaí taighde, bailiúcháin chomhaimseartha, iarratais ar mhaoiniú acadúil, cainteanna poiblí, siompóisiam taighde agus mórchomhdháil idirnáisiúnta.

**Change Lab - Oideachais Saoránachta Domhanda (arna mhaoiniú ag Ubuntu agus Cúnamh Éireann)**
Lean baill foirne na Scoile Oideachais, Fiona King agus Tony Murphy lena gcuid oibre a fhorbairt le mic léinn Bhliain 2 den Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas ar The Change Lab.
Cruthaíodh suíomh gréasáin Change Lab (https://thechangelab.ie). Feidhmíonn an suíomh gréasáin mar stór digiteach agus acmhainn oideachais idirghníomhaigh chun eispéireas Saotharlainne an mhic léinn a leiriú, chomh maith leis na hilsraitheanna a bhaineann leis an tionscadail. Léiríonn eispéireas an Change Lab na croíphrionsabail a bhaineann le CÉIM: Clár na gCaighdeán a bhaineann le hOideachas Tosaigh do Mhúinteoirí.
Is é seo an nasc chuig tuarascáil Thionól Ubuntu (déantar cur síos ar thionscadal Change Lab anseo ar lch 15): [https://indd.adobe.com/view/1d208914-2aac-4b49-84f1-1d165241ad0c?transitions.](https://indd.adobe.com/view/1d208914-2aac-4b49-84f1-1d165241ad0c?transitions.)

**ÚAO – Tionscadail PATH**
Cuireadh tús leis an gclár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) in 2017 agus lean sé ar aghaidh ar feadh trí bliana. Tá an clár seo maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ÚAO. Tá NCAD mar chuid de Cholún Laighean 1 agus tá sé ailínithe le UCD, TCD, MIE agus IADT le haghaidh PATH 2 AGUS 3. Maidir le PATH 1, tá NCAD i

gcomhpháirtíocht le UCD, TCD, MIE chun clár a fhorbairt a mhéadóidh an éagsúlacht laistigh d'oideachas tosaigh múinteoirí, dar teideal *I Can Teach*.

**Tionscadal Scáthfhoghlama Daltaí**
Ghlac 53 dalta timthriall sinsearach as 26 scoil rochtana nasctha páirt sa Tionscadal Scáthaithe Mac Léinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo deiseanna meantóireachta piaraí a chur chun cinn do dhaltaí ar mian leo a gcuid roghanna in ealaín agus dearadh ardoideachais a iniúchadh trí am a chaitheamh le mic léinn NCAD sa stiúideo agus ag léachtaí.

**Clár Fiontraíochta Gairmiúil Ché Mhic Fhlannchaidh - NCAD**
Is tionscnamh de chuid Clár Rochtana NCAD é an Clár Forbartha Gairmiúil seo i gcomhar le Kennedy Wilson Ireland agus le tacaíocht fhial Chiste Scileanna agus Deiseanna Bhanc Uladh. Reáchtáladh an clár seo i rith 2019 i Stiúideo Ealaíontóirí Ché Mhic Fhlannchaidh, Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8. Ceapadh comhordaitheoir don chlár cumaisc um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do chéimí NCAD a fuair a gcailíochtaí le gairid.

## 5: DÁMHACHTAINÍ AGUS GNÓLACHTAÍ

**Duais Foirne NCAD 2019-2020**
Bunaíodh Duais Foirne NCAD do mhic léinn i 1994 agus tá sí maoinithe ag ranníocaíochtaí deonacha ó chuid d'fhoireann NCAD. Ainmníonn Scoileanna/Ranna éagsúla mic léinn lena mbreithniú chun an duais a fháil ina mbliain deiridh, agus uathu siúd a ainmnítear, féachann Coiste Roghnóireachta chun mac léinn amháin roghnú a chomhlíonann critéir na dámhachtana. Bronnadh Duais Foirne 2019, ar luach € 1,500, ar an mac léinn le Dearadh Táirgí, Saibhín O'Sullivan, agus ar mhac léinn le Cultúr Físiúil, Tom Conlan.

**Duais Ealaíne agus Dearaidh NUI 2020**
Bronntar Duais Ceannaigh NUI gach bliain ar phíosa oibre ag céimí de chuid NCAD atá tar éis clú a tharraingt air nó uirthi féin. Tá mic léinn na bliana deiridh incháilithe go huathoibríoch lena mbreithniú don Duais. Bronnadh an Duais Ealaíne agus Dearaidh NUI 2020 ar Linda McCann.

**Dámhachtaithe NCAD ag na Gradaim ICAD**
Dearthóir Faoi Oiliúint na Bliana:
- Kate Dennehy, Dearadh Grafach

Gradaim Upstart:
- Alan Early – Dearadh na nÍomhánna Gluaisteacha
- Grace O'Brien – Dearadh Grafach
- Daire Bourke Boyle – Dearadh Grafach
- Orla King – Dearadh Grafach
- Kinga Strama – Dearadh Grafach
- Eoghan McMahon – Dearadh Táirgí

**Dámhachtaithe NCAD ag Gradaim DCCI Future Makers**
Buaiteoir Foriomlán Faoi Oiliúint:
- Tom Langton - Dearadh Faisin

Dámhachtain Tacaíochta Ábhar:
- Gabrielle Malone - Dearadh Faisin
- Katie Spiers - Gloine
- Megan Maguire - Ealaín & Déantán Teicstíle

Gradam Tacaíochta Forbartha Gairmiúil
- Ciara Allen - Dearadh Faisin

Gradam Taistil & Oiliúna:
- Megan Shelley - Ealaín & Déantán Teicstíle

Buaiteoirí na nDéantóirí Éiritheacha:
- Cathy Burke - Céimí ceirmeachta
- Genevieve Howard - Céimí Seodra & Réada
- Laura Quinn - Céimí Gloine
- Lydia Clayton - Céimí Seodra & Réada

**Dámhachtaithe NCAD ag na Gradaim Dearaidh Céimí IDI 2020**
- Dearadh Idirghníomhaíochta: Pacifico Borza - Dearadh Idirghníomhaíochta:
- Dearadh Taispeántais/Gradam um Marsantú Físiúil: Súlan Ó Muirgheasa - Dearadh Grafach
- Gradam um Fhaisean agus Teicstílí: Sarah Flynn - Dearadh Teicstílí agus Dromchla
- Dearadh Táirgí Lámhdhéanta: Sanaa El Habbash - Dearadh Grafach

- Gradam Inbhuanaitheachta: Keith Fitzsimmons, Alex Hennessy, Roisin Maher agus Joe Fahy - Biúró Dearaidh NCAD
- Gradam Dearadh um Athrú Keith Fitzsimmons, Alex Hennessy, Roisin Maher agus Joe Fahy - Biúró Dearaidh NCAD

Fuair mic léinn NCAD 6 Ardmholadh IDI freisin.

**Gradaim Dearaidh IDI 2020**
Fuair NCAD 14 ainmniúchán i nGradaim Dearaidh IDI 2020 - 10% de na hainmniúcháin iomlán agus bronnadh roinnt mhaith gradam agus ainmniúchán ar alumni NCAD freisin.
Ainmniúcháin foirne:

- Caoimhe McMahon agus Brian Gough - gradam Oideachas & Taighde Dearaidh don MA nua sa Dearadh Seirbhíse.
- Enda O'Dowd agus Derek Vallence - gradam Oideachas & Taighde Dearaidh don MSc DEARADH Gléas Leighis, i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.
- Ainmníodh Jamie Murphy faoi dhó i gCumarsáid Fhísiúil: Dearadh Leabhar Clóite as a leabhar *1753*, a leabhar maidir le heaspa dídine, agus *Darklight*, a chomhshaothar le Dorothy Cross agus John FitzGerald.
- Natalie B Coleman don ghradam Faisean & Teicstílí: Éadaí as a bailiúchán Sisters Collection.
- Orla Langan don ghradam Faisean & Teicstílí: Éadaí agus an Gradam Dearaidh Inbhuanaithe as a bailiúchán faisin le gairid.
- Bob Gray sa ghradam Dearadh le Priontáil do Réamheolaire NCAD 2019/20, an Gradam Visual Brand Identity Refresh d'Fhéile Litríochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus an Gradam Dearadh le Priontáil do Drinks Ireland.
- Noelle Cooper agus Bobby Tannam sa Ghradam Scéimeanna Brandála Nua do Ghaillimh 2020 — Príomhchathair Cultúir na hEorpa. Ainmníodh Noelle Cooper ar an ngearrliosta don ghradam Brand Identity Refresh do Open House Dublin.
- Kate Brangan don ghradam um Léiriúchán Tráchtála as *Troy: myth and reality*.
- Alan Dunne i gCumarsáid Fhísiúil: Léiriúchán Tráchtála do Stampaí Nollaig 2019 2019 le haghaidh An Post.

**Dámhachtaithe NCAD i Seó Céimithe Artsthread x I-D Global 2020**

- Gradam na Moltóirí um Dhearadh Idirghníomhaíochta / Dearadh Cluichí Linas Staniukynas - Dearadh Idirghníomhaíochta
- Gradam Rogha na nDaoine um Dhearadh chun Leasa Sóisialta: Saibhín O'Sullivan - Dearadh Táirgí
- Gradam Rogha na nDaoine um Dhearadh Idirghníomhaíochta / Dearadh Cluichí Diarmuid Farrell - Dearadh Idirghníomhaíochta

**Dámhachtaithe NCAD de Chumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clóscríbhneoireachta**

- Daire Bourke Boyle - Dearadh Grafach
- Shane Carty - Dearadh Grafach
- Colleen Cummings - Dearadh Grafach
- Graham Dow - Dearadh Grafach
- Alex Ryan - Dearadh Grafach

**Dámhachtaithe NCAD ag Gradaim Mhórdhúshlán an Dearaidh Uilíoch**

- Gradam Tráchtálaíochta Dearaidh Uilíoch Fhiontraíocht Éireann: Jack Canavan - Dearadh Táirgí
- Gradam Táirge agus Seirbhísí: Jack Canavan - Dearadh Táirgí

**Dámhachtaithe NCAD ag na Gradaim Create Ireland**

- Gradam Taighde agus Forbairt Create Ireland do Chéimí a bronnadh céime air/uirthi le deanaí (le meantóireacht): Sanaa El Habbash – Dearadh Grafach

**Gradam Brown Thomas 'Young Designer to Watch'**

- Una Curran – Dearadh Faisin

**Buaiteoir Chomórtas River Island**

- Orla Brady – Dearadh Faisin

**Dámhachtaithe NCAD ag na Gradaim Dearaidh Céimí IDI 2020**
Fuair mic léinn NCAD 18 n-aimniúchán sna Gradaim IDI Dearadh do Chéimithe 2020. Bronnadh gradam ar 6 dámhachtaí NCAD agus fuair 6 mhac léinn eile ardmholadh.

- Dearadh Idirghníomhaíochta: Pacifico Borza – Dearadh Idirghníomhaíochta
- Dearadh Taispeántais/Gradam um Marsantú Físiúil: Súlan Ó Muirgheasa - Dearadh Grafach

- Gradam um Fhaisean agus Teicstílí: Sarah Flynn – Dearadh Teicstílí agus Dromchla
- Dearadh Táirgí Lámhdhéanta: Sanaa El Habbash – Dearadh Grafach
- Gradam Inbhuanaitheachta: Keith Fitzsimmons, Alex Hennessy, Roisin Maher agus Joe Fahy - Biúró Dearaidh NCAD
- Gradam Dearadh um Athrú Keith Fitzsimmons, Alex Hennessy, Roisin Maher agus Joe Fahy - Biúró Dearaidh NCAD

**Iontaobhas Cuimhneacháin Sóisearach Thomas Dammann**
Bronnadh deontais ó Iontaobhas Cuimhneacháin Sóisearach Thomas Dammann ar fhoireann agus ar mhic léinn NCAD:

- Katie Blackwood (NCAD NIVAL) - tionscadal taighde digitithe in NIVAL
- Brendan Dowling - iarrthóir PhD i Scoil an Chultúir Fhísiúil chun taighde a dhéanamh san Eilvéis
- Andrew Kiernan - as comhthaispeántas idir NCAD/Hochschule fur Grafik und Buchkunst, Leipzig
- David E Maher - tionscadal taighde san Ísiltír

B'ionann na gradaim seo a bronnadh ar mhic léinn NCAD agus 25% de na iarrthóirí ar fad ar bronnadh gradaim orthu, líon a bhí ní ba mhó ná an líon gradam a bronnadh ar aon institiúid eile.

**Gradam Next Generation na Comhairle Ealaíon, 2020**
Is céimithe de chuid NCAD an seisear ealaíontóirí físiúla atá ar liosta Ghradaim Next Generation na Comhairle Ealaíon. Tá Laura Ni Fhlaibhin, ball foirne páirtaimseartha i Rannóg na Céad Bhliana ar dhuine de na 23 ealaíontóir a roghnaíodh.

**Comhaltacht Fulbright**
Bronnadh comhaltacht Fulbright ar Henry Martin, iarrthóir PhD i Scoil an Chultúir Fhísiúil i gCartlanna Ealaíona Mheiriceá san Institiúid Smithsonian.

**New Society, New Voices: Sparánacht na Sochaí Digití, 2020**
Bronnadh Sparánacht na Sochaí Digití, 2020 New Society, New Voices ar chúigear mac léinn:

- Nadia Armstrong as a físeán *Digital Native*
- Ellen Holmes Kelly as a taispeántas grianghrafadóireachta réaltachta fíorúla
- Diarmuid Farrell as a fréamhshamhail a aip *Woven Chats*
- Katie Whyte as a suiteán ealaíne tuisle *Inception/Generation/Degradation*
- Ellie Shortall as a físeán *Confessions from the Future*

**Gradaim Highlanes**
Roghnaíodh na mic léinn seo a leanas don taispeántas agus/nó bronnadh gradam Highlanes orthu:

- Bronnadh Duaiseanna Ardmholta Aighneachta Oscailte ar iarchéimithe MFA sa Mhínealaín Elaine Grainger agus Susan Buttner ag Aighneacht Oscailte Ghailearaí Highlanes 2020
- Bronnadh an chéad duais, Gradam Janet Mullarney, ar Bernie Masterson MFA céimí Ealaín sa Saol Digiteach;
- I measc na gcéimithe breise MFA Mínealaíne sa seó, bhí Harry Walsh Foreman, Saidhbhin Gibson agus Austin Hearne
- Roghnaíodh mic léinn reatha MFA Mínealaíne Bara Palcik agus Niamh McGuinne freisin don taispeántas.

**Gradaim eile:**

- Dara Áit sa Ghradam Naisiúnta James Dyson: Keith Fitzsimmons - Dearadh Táirgí
- Craobhiomaitheoir i nGradaim Feel the Yarn, Nicole O'Reilly – Dearadh Teicstílí agus Dromchla.
- Bronnadh an gradam don Ghearrscannán Turgnamhach Is Fearr ar an mac léinn MFA sa Mhínealaín Isabella Delaney ag an bhFéile Scannánaíochta Top Shorts, Nua-Eabhrac as a scannán *The Clothes Wear You.*
- Bronnadh an chéad Duais Leabhair John McGahern ar an gcéimí Adrian Duncan as a chuid úrscéil, *Love Notes from a German Building Site.* Bhunaigh Institiúid an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Learphoill an gradam seo.
- Bronnadh Gradam Chearlann Dealbhóireachta an Stáisiúin Dóiteáin agus Gradam Sparánacht na Meán Digiteach 2020 ar Mae Nicoloau agus ar Nadia Armstrong faoi seach.
- Ba í Olwen Kelly, mac léinn sa 3ú bliain, an buaiteoir réigiúnach sna hAmharc-Ealaíona i nGradaim Domhanda Fochéime 2020, lena Mórthionscadal TAA ón Dara Bliain. Fuair Jack Canavan agus Keith Fitzsimons ardmholadh sa chatagóir Ailtireacht & Dearadh.
- Ainmníodh seisear mac léinn UG ó Dhearadh Táirgí do na Gradaim Dearaidh RSA do Mhic Léinn (Bronnadh catagóir amhain ar NCAD an bhliain seo caite).
- Gradam Ealaíne RDS 2020 - ainmníodh seachtar céimithe ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam Ealaíne RDS 2020.

- Bronnadh Gradam RDS na hAmharc-Ealaíona Gradam RHA Stiúideo Céimithe RHA agus an Duais Chónaithe RDS Culturel Irlandais ar Dominque Crowley agus Nadia Armstrong faoi seach.
- Bhí Niamh McCann, ball foirne na Chéad Bhliana, ar dhuine de na healaíontóirí a ainmníodh ar an ngearrliosta sa phróiseas roghnúcháin chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an Venice Art Biennale, 2022.

## 6. STAITISTICÍ MAC LÉINN

**NCAD Student Enrolment 2019-20 - (March)**

| | | | Full-Time | | | | Part-time | | | | FT&PT | FTE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cead | | | M | F | Un | Total | M | F | Un | Total | Total | | | |
| Total CEAD | | Part Time UG with Credit ( level 7 & 8) | | | | | 33 | 133 | 2 | 168 | 168 | 35.48 | | |
| | | | **Full-Time** | | | | **Part-time** | | | | **FT&PT** | **FTE** | **EI** | **EI** |
| Undergraduate | | BA Degree Programmes ( Level 8) | M | F | Un | Total | M | F | Un | Total | Total | | Sem | Sem |
| Total UG Degree | | | 253 | 681 | 25 | 959 | | | | | 959 | 959 | 20 | 12 |
| Postgraduate | | | **Full-Time** | | | | **Part-time** | | | | **FT&PT** | **FTE** | **EI** | |
| | | Taught Master Degrees ( Level 9) | M | F | Un | Total | M | F | Un | Total | Total | | Sem | |
| *Subtotal* | | | *35* | *72* | *2* | *109* | *1* | *9* | *0* | *10* | 119 | 135 | *4* | *3* |
| PhD | | | **Full-Time** | | | | **Part-time** | | | | **FT&PT** | **FTE** | **EI** | |
| | Code | PhD ( Level 10) | M | F | Un | Total | M | F | Un | Total | Total | | Sem | |
| *Subtotal* | | | 2 | 5 | 0 | 7 | 4 | 4 | 0 | 8 | 15 | 16.5 | | |
| Total Postgraduate (Taught PG and PhD combined) | | | *37* | *77* | *2* | *116* | *5* | *13* | *0* | *18* | 134 | 151.5 | | |

| Key: | |
|---|---|
| M | Male |
| F | Female |
| Un | Undeclared |
| EI | Erasmus (Incoming) |
| FTE | Full Time Equivalent |

| | |
|---|---|
| Total UG Certs & Dips | 168 |
| Total UG Degree | 959 |
| Total Postgraduates | 134 |
| TOTAL | 1,261 |
| Total with Erasmus | 1,300 |
| TOTAL FTEs (excl. Eras) | 1146 |

**Student Enrolment - Year on Year comparison 2017/18 - 2019/20**

| | | (+/-) | 2019/20 | 2018/19 | 2017/18 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Undergraduate** | **Part Time CEAD (Credit)** | **(+/-)** | **2019/20** | **2018/19** | **2017/18** |
| | | 5 | 168 | 163 | 155 |
| **Undergraduate** | **Full Time Undergraduate BA Degree** | **(+/-)** | **2019/20** | **2018/19** | **2017/18** |
| TOTAL UNDERGRADUATE STUDENTS | | 58 | 959 | 901 | 843 |
| **Postgraduate** | | **(+/-)** | **2019/20** | **2018/19** | **2017/18** |
| *Subtotal* | *Taught Masters* | -11 | 119 | 130 | 106 |
| *Subtotal* | *PhD* | 5 | 15 | 10 | 16 |
| TOTAL POSTGRADUATE STUDENTS | | -6 | 134 | 140 | 122 |
| | Grand Total | 57 | 1261 | 1,204 | 1,120 |

## 7. RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 ina gcuid den tuarascáil seo.

NCAD DUBLIN
National College of Art and Design

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2020**

**Sonraí an Choláiste**

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha<br>100 Sráid Thomáis<br>Baile Átha Cliath 8<br>D08 K521 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>85 Sráid Shéamais<br>Baile Átha Cliath 8 |
| **Dlíodóirí** | Aturnaetha St John<br>14, City Gate<br>Sráid an Droichid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 8 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| **INNÉACS** | **Leathanach** |
|---|---|

| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 4- 9 |
| Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 10-15 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 16-18 |
| Ráiteas ar Ioncaim agus Caiteachais | 19 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 20 |
| Ráiteas faoi Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil | 21 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 22 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 23 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 24 - 41 |

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird**

**Rialachas**

Bunaíodh Bord den Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha faoin Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 5 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Caithfidh an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach arna leagan amach ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach ina Théarmaí Tagartha ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh cinneadh an Bhoird. I measc na nithe seasta a ndéanann an Bord breithniú orthu, tá:

- leasanna a dhearbhú
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta

Cuireann Alt 15(1 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971 de cheangal ar an mBord a choinneáil, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách maidir leis an t-airgead go léir a fuarthas agus a caitheadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d’oibriú, agus
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 15 (1) Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste.

**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. D'fhaomh an Bord an buiséad bliantúil don bhliain airgeadais 2019/20 ar an 25 Meitheamh 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choláiste ar an 30 Meán Fómhair 2020.

**Struchtúr an Bhoird**

Tá Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhalta ar an mBord, gach duine acu ceaptha ag an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, mar aon le beirt ionadaí foirne acadúla, beirt ionadaí mac léinn, Stiúrthóir an Choláiste agus breathnadóir foirne neamh-acadúil amháin. Ceaptar baill an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus de ghnáth tagann siad le chéile ar feadh 10 seisiún sa bhliain ar a laghad.

Leagtar amach sa tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta ceaptha | Dáta scoir nó athcheaptha |
|---|---|---|---|
| Richard Thorn | Cathaoirleach | 23 Márta 2018 | |
| Frederick Goltz | Gnáthchomhalta | 23 Márta 2018 | |
| Jane McDaid | Gnáthchomhalta | 23 Márta 2018 | |
| Darragh Hogan | Gnáthchomhalta | 23 Márta 2018 | |
| Sinéad Ryan | Gnáthchomhalta | 23 Márta 2018 | |
| Christine O'Donovan | Gnáthchomhalta | 23 Márta 2018 | |
| Declan Long | Comhalta Acadúil | 23 Márta 2018 | |
| Rachel Tuffy | Comhalta Acadúil | 15 Meitheamh 2015 | 23 Márta 2018 - Athcheapachán |
| Grainne Murphy | Ionadaí Mac Léinn | 6 Feabhra 2016 | 23 Márta 2018 - Athcheapachán |
| Sonia O'Dwyer | Ionadaí Mac Léinn | 23 Márta 2018 | |
| Mark Carroll | Breathnadóir foirne neamh-acadúil | 15 Meitheamh 2015 | 23 Márta 2018 - Athcheapachán |
| Sarah Glennie | Stiúrthóir | 1 Eanáir 2018 | |

**Struchtúr an Bhoird, ar leanúint**

Chuir Bord tús le hAthbhreithniú Éifeachtúlachta agus Meastóireachta Boird i mí Eanáir 2018, a bhí ar an gcéad athbhreithniú den chineál seo. Rinne an Bord reatha an dara hathbhreithniú sa chéad leath de 2019 agus rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2020.

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar a leanas:

***1:*** **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR):** tá trí bhall den Bhord agus ball neamhspleách amháin ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord i dtaca lena gcuid freagrachtaí d'ábhair a bhaineann le riosca, le rialú agus le rialachas, agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cintíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bord um i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain. Is iad seo a leanas baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Frederick Goltz (Cathaoirleach), Darragh Hogan, Sinéad Ryan agus Séan Quigley. Ceapadh baill ar an 27 Meitheamh 2018. Tháinig an CIR le chéile 8 n-uaire in 2019/ 20.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

**Sceideal Freastail, Táillí agus Costas**

Ní fhaigheann comhaltaí an Choiste aon táille.  Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ar chruinnithe an Bhoird le linn 2019/ 20 agus cuirtear na speansais a fuair gach comhalta san áireamh ann.

| | **An Bord** | **CIR** | **Costais 2019/20** |
|---|---|---|---|
| | | | **€** |
| **Líon na gCruinnithe** | 11 | 8 | |
| An Dr Richard Thorn | 10 | - | €118 |
| Frederick Goltz | 10 | 8 | |
| Rachel Tuffy | 9 | - | €30 |
| Sarah Glennie | 11 | 8 | |
| Grainne Murphy | 9 | - | |
| Sean Quigley | - | 8 | |
| Darragh Hogan | 10 | 8 | |
| An Dr Declan Long | 9 | - | €87 |
| Jane McDaid | 9 | - | |
| Christine O’Donovan | 11 | - | |
| Sonia O’Dwyer | 7 | - | |
| Sinéad Ryan | 11 | 8 | |

**Mórathruithe ó thaobh Pearsanra**

Ceapadh Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha & Cláraitheoir an Choláiste nua don Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar an 1 Deireadh Fómhair 2019.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

**Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá An Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil an Chomhairle Oidhreachta tar éis ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh. Éilítear sa chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

***Miondealú ar Shochair Ghearrthéarma Fostaithe - Féach nóta 7***

| **Táillí um Shainchomhairleoireacht agus Comhairlí Seachtracha** | **Nótaí** | **2020 €000** | **2019 €000** |
|---|---|---|---|
| Cúrsaí Dlí | | 26 | 60 |
| Comhairleoireacht Cánach agus Airgeadais | | 86 | 29 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | | 90 | 87 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | | 38 | 8 |
| Seirbhísí Rochtana do Mhic Léinn, Comhairleoireacht & Leighis | | 177 | 143 |
| Comhairleoirí Speisialta Covid-19 | | 54 | - |
| Eile | | 36 | 71 |
| **Iomlán** | 8 | 507 | 398 |

| **Socraíochtaí Foirceanta** | **2020 €000** | **2019 €000** |
|---|---|---|
| Scaoilíocaíochtaí | - | 98 |
| **Iomlán** | - | 98 |

Baineann an tsocraíocht foirceanta thuas le socraiocht a rinne le duine amháin le linn na tréimhse roimhe sin. Áirítear leis an Scaoilíocaíocht thuas €21.5k a íocadh i leith na gcostas dlí an fhostaí.
Thabhaigh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha costais dlí €3.9k i leith na socraíochta.

| **Caiteachas Taistil agus Cothabhála** | **Nótaí** | **2020 €000** | **2019 €000** |
|---|---|---|---|
| Taisteal Náisiúnta | | 23 | 31 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | | 18 | 22 |
| Cúnamh Mac Léinn & Eisíocaíocht sparánachta taisti | | 3 | 14 |
| **Iomlán** | 8 | 44 | 67 |

| **Caiteachas Fáilteachais** | **Nótaí** | **2020 €000** | **2019 €000** |
|---|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | | 0.3 | 0.6 |
| Fáilteachas cliaint | | 1.0 | 5.1 |
| **Iomlán** | 8 | 1.3 | 5.7 |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an Cód a chomhlíonadh. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a chomhlíonadh leis an gCód agus tá roinnt réimsí sainaitheanta aige nach bhfuil a gcomhlíonadh go hiomlán agus tá na céimeanna riachtanacha á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

*Is iad na réimsí ina bhfuil obair chomhlíonta fós ar siúl:*

- tuairisciú gnó agus airgeadais - tá obair ar siúl chun bainistíocht ar dhiúscairtí sócmhainní a fheabhsú.
- luach saothair agus aoisliúntas
    - tá moill curtha le rolladh amach córas bainistíochta feidhmíochta mar thoradh ar shaincheist earnála laistigh d'earnáil na nInstitiúidí um Ard-Oideachas maidir le PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) a chur i bhfeidhm
    - tá clár á chur i bhfeidhm de gach post Boird de chuid comhlachtaí Státmhaoinithe atá i seilbh foirne ionas gur féidir leis an mBord gach post den sórt sin a cheadú.

Richard Thorn,
*Cathaoirleach an Bhoird*

27 Bealtaine 2021

Dáta

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

27 Bealtaine 2021

Dáta

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Thar ceann na Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha aithním freagracht an Bord maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Choláiste don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2020 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráitis airgeadais ach amháin i gcás na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh a leagtar amach thíos.

### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sa Choláiste lena gcuimsítear trí de chuid an Bhoird, duine díobh an cathaoirleach, agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 8 n-uaire in 2019/20.

Rinne an Coláiste a fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú a stiúrann clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR lena chinntiú go ndéantar clár oibre iniúchta inmheánaigh chuimsithigh agus éifeachtach. In 2019/20, rinne an CIR breithniú ar dhá thuarascáil iniúchta inmheánaigh. Bhí an chuid eile d'am an Choiste dírithe ar na gníomhartha ceartaitheacha agus ar an bhfeabhsúchán lena chinntiú go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag an gColáiste le rialachas, clár riosca agus rialuithe inmheánacha.

### Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Choláiste agus leis, sainaithníonn agus tuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Rinneadh clár riosca an Choláiste a athdhearadh in 2019/20. Rinne Foireann Bainistíochta an Choláiste agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus bainistiú ar an athdhearadh sin. Comhlíonann Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha ról an Phríomhoifigigh Riosca freisin. Déantar athbhreithniú ar chúrsaí riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**Creat Riosca agus Rialaithe (ar leanúint)**

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm nó á bhforbairt le dáta críochnaithe beartaithe in 2021:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú - Curtha i gcrích
- freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach sannta ag leibhéal na bainistíochta - Curtha i gcrích
- tá córas iomchuí buiséadaithe curtha i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn rialta - Curtha i gcrích
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú - á gcur i bhfeidhm
- tá Samhail Leithdháilte Acmhainní sa Choláiste chun úsáid chothrom acmhainní a chinntiú - á forbairt
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint - á bhforbairt

**Covid-19**

Bheadh sé thar a bheith deacair an iomarca béime a chur ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar oibriú an Choláiste agus ar na deacrachtaí a chothaigh Covid-19 ó thaobh cúrsaí oideachais a sheachadadh san Ealaín & Dearadh. I mí an Mhárta 2020, cuireadh stop leis na ranganna go léir ar an suíomh agus bhí ar NCAD aistriú ó eagraíocht ina raibh 80% dá seachadadh ceardlannbhunaithe go heagraíocht ina raibh 100% dá seachadadh ar líne. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí féideartha, mionsonraíodh na nithe seo a leanas sa chlár riosca agus rinneadh monatóireacht orthu.

Is iad seo a leanas na túsdúshláin:

a) Tionchar Airgeadais Féideartha Covid-19 don bhliain acadúil 2019/20 agus amach anseo
b) Tionchar Féideartha ar an líon mac léinn in 2019/20 agus sna blianta ina dhiaidh sin
c) Easpa réiteach néalbhunaithe maidir le tacaíocht riaracháin
d) Easpa Timpeallacht Fhíorúil Foghlama sa Choláiste
e) Easpa bonneagar fhisiciúil TF chun seachadadh ar líne a cheadú

Chun an Fhreagairt Chriticiúil seo a bhainistiú, bunaíodh ceithre fhochoiste d'Fhoireann Bainistíochta an Choláiste.

a) Teagasc & Foghlaim
b) Teicneolaíocht Faisnéise
c) Sláinte & Sábháilteacht
d) Cumarsáid

Díríodh ar dtús ar sheachadadh cúrsaí ar líne agus de réir mar a bhí an bhliain ag dul ar aghaidh, díríodh ar dhul ar aghaidh na mac léinn ó bhliain amháin go bliain eile, agus béim ar leith á cur ar mhic léinn na bliana deireanaí. Le linn shamhradh 2020, athraíodh an bhéim chuig na mic léinn a thabhairt ar ais don bhliain acadúil 2020/21. Cuireadh clár mór oibreacha fisiciúla ar bun chun filleadh sábhailte na mac léinn agus na foirne a chinntiú.

**COVID -19 ar leanúint**

Rinneadh infheistíochtaí mórscála i measúnuithe riosca i ngach rannóg agus bhí siad sin bunaithe ar riachtanais aonair, saincheaptha do réimse agus cleachtas ar leith. Rinneadh athruithe fisiciúla ar an gcampas chun scaradh sóisialta a chinntiú agus chun na moltaí ó na measúnuithe riosca a léiriú.

Mar thoradh ar na ceanglais scartha sóisialta, bhí breis uaireanta an chloig teagaisc ag teastáil (circa 196k).

Chomh maith leis sin, bhí an Coláiste in ann na trí ról sonracha seo a chur ar fáil:

a) Bainisteoir Covid -19
b) Bainisteoir Covid-19 na Mac Léinn
c) Teagmhálaí Covid-19 na Foirne

Fuarthas maoiniú (circa €1.12m (Deireadh Fómhair 2020)) tríd an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) a bhí ríthábhachtach chun an riosca airgeadais a bhain le costais Covid-19 a mhaolú. Bhí an maoiniú seo tráthúil agus cuireadh an-fháilte roimhe.

**Rialuithe Airgeadais**

Níor tháinig aon athrú ar róil agus freagrachtaí i rith Covid-19 agus tá leithscaradh dualgas fós i bhfeidhm ar fud na n-oibríochtaí airgeadais go léir. Cuireadh doiciméad faoi bhráid an Bhoird chun sínithe leictreonacha, nósanna imeachta soláthair leictreonacha agus sínithe ceadaithe leictreonacha a cheadú. Chomh maith leis sin, cuireadh maolú sealadach i bhfeidhm chun síneadh ama a thabhairt do bhaill foirne speansais a chur isteach. Níor tháinig aon athrú ar theorainneacha údarúcháin ná ar thairseacha íocaíochta. Cuireadh nóta chuig an bhfoireann go léir ina leagtar amach na nósanna imeachta athbhreithnithe a bhí i bhfeidhm le linn shrianta Covid-19. Níl aon athrú tar éis teacht mar thoradh ar na socruithe nua oibre ar an bpróiseas a bhaineann le postáil agus ceadú irisí. Tá na cuntais bhainistíochta míosúla agus na réitigh ghaolmhara fós á ndéanamh ar bhonn tráthúil. Tá rialuithe láidre fós i bhfeidhm maidir le sonraí bainc fostaithe agus soláthraithe a athrú ar an gcóras airgeadais.

**Buiséadú & Réamhaisnéisiú**

Sainaithníodh tionchar airgeadais féideartha Covid-19 mar phríomhriosca don dara leath de bhliain airgeadais 2019/20. Tá próiseas láidir buiséadaithe agus réamhaisnéisithe i bhfeidhm in NCAD agus le linn an dara leath den bhliain, cuireadh amach buiséid agus réamhaisnéisí athbhreithnithe ar bhonn míosúil le haghaidh comhlachtaí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an ÚAO agus an Bord. Cuireadh na buiséid ní ba dhéanaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bhoird i mí an Mhárta 2020, i mí an Mheithimh 2020 agus i mí Mheán Fómhair 2020. Cuireadh béim ar leith ar shreabhadh airgid agus ar thionchar chostais bhreise Covid-19 ar chostais teagaisc agus oibríochta.

**Bainistíocht Riosca**

Rinneadh an Clár Riosca a nuashonrú in 2020 i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le Covid-19. Cuireadh an Clár Rioscaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bhoird i mí an Mhárta 2020, i mí an Mheithimh 2020 agus i mí Mheán Fómhair agus is mír bhuan é riosca ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar chlár oibre an Bhoird i gcónaí. Cuireadh nithe a sainaithníodh san áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach do 2019/20.

**Teicneolaíocht Faisnéise**

A bhuí le tacaíocht ÚAO, cuireadh infheistíocht mhór ar fáil in 2020 chun líonra Wi-Fi an Choláiste a uasghrádú agus acmhainn bhreise a chur ar fáil ar an líonra fisiciúil d'fhonn athléimneacht a mhéadú ar an gcampas, rud a cheadaigh na saoráidí iomchuí do na riachtanais bhreise a bhí ag teastáil le haghaidh na foghlama ar líne. Rinneadh athbhreithniú ag deireadh 2020 ar shamhail slándála ar champas NCAD trí Active Directory agus Microsoft Azure, lena n-áirítear cúltacaí néalbhunaithe, a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin, cruthaíodh treochlár chun réitigh néalbhunaithe a thabhairt isteach do chórais Timpeallachta Fíorúla Foghlama do chúrsaí Airgeadais agus AD. Cuireadh ríomhairí glúine agus ríomhairí Mac criptithe ar fáil d'fhormhór mór na foirne. Tugadh na huirlisí iomchuí, i gcomhréir le treoirlínte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, do bhaill foirne a bhí ag obair ó bhaile Cuireadh oiliúint agus treoir don fhoireann go léir trí Sheaimpíní Digiteacha a cheapadh chun soláthar agus tacaíocht dhigiteach a chur chun cinn agus a éascú.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easpaí rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shainaithnítear,
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí don Choláiste ina iomláine.

Tá na córais mhonatóireachta seo a leanas á bhforbairt:

- tá socruithe tuairiscithe cineachta á mbunú ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as

  bainistíocht airgeadais á tharmligean, agus córas tuairiscithe ina leith á chruthú.

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Choláiste chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus nósanna imeachta reatha maidir le soláthar. Cuirtear béim ar rudaí a bhaineann le rialuithe maidir le soláthar thíos faoin teideal 'Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach'.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú an Choláiste maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus obair na hardbhainistíochta laistigh den Choláiste atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019/20, lena n-áirítear an tionchar a d'imir an t-aistriú thuasluaite chuig an gcianobair ar an timpeallacht rialaithe. Thuairiscigh Cathaoirleach an CIR torthaí an athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh ar na rialuithe airgeadais inmheánacha a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2019/20 don Bhord le linn chruinniú an Bhoird ar an 15 Nollaig 2020. Déantar an rianaire iniúchóireachta inmheánaigh a nuashonrú gach ráithe agus cuireadh gluaiseachtaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gach 6 mhí.

**Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach**

Tá roinnt gníomhartha curtha i gcrích ag an Gcoláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a raibh sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais a sainaithníodh ar dtús in 2014 mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais 2011/2012. Le linn 2020, tháinig roinnt laigí sa rialú chun cinn arís is arís eile mar a leagtar amach thíos:

*Sócmhainní Seasta*

Cé go bhfuil clár sócmhainní seasta i bhfeidhm anois, ní chlibeáiltear sócmhainní agus ní thaifeadtar suíomh na sócmhainne ar an gclár. Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh ar an gceist seo le linn 2020/21. Ina theannta sin, d'aithin Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha go bhfuil gá le cumarsáid trí bhainistíocht diúscairtí sócmhainní seasta chuig coimeádaí an chláir sócmhainní seasta a fheabhsú. Tá Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ag earcú ball foirne faoi láthair chun an clár sócmhainní seasta agus an taifeadadh diúscartha sócmhainní seasta a bhainistiú Cuireadh moill ar earcú de dheasca na srianta Covid-19 atá i bhfeidhm.

*Soláthar*

Fuarthas earraí agus seirbhísí dar luach €207,000 in imthosca nár chomhlíon an nós imeachta a úsáideadh rialacha an rialtais agus an AE. Tá NCAD ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí chun comhlíonadh iomlán na rialacha soláthair a chinntiú agus bunaíodh bunachar sonraí conarthaí do gach conradh os cionn €25,000 go déanach in 2019.

Anuas ar an gcaitheamh €207k thuasluaite, bhí an caitheamh seo a leanas lasmuigh den tréimhse chonraithe freisin.

1. Slándáil €75k – Bhí moill i gceist maidir leis an tairiscint a chur amach toisc go raibh moilleanna ann ó thaobh fhaisnéis TUPE a fháil ón soláthraí reatha.
2. Glantachán €43k – bhí creat nua le teacht ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus moladh dúinn fanacht lena chur chun feidhme.

*Easpa nósanna imeachta foirmiúla*

Cuireadh na nósanna imeachta foirmiúla i gcrích agus cuireadh i bhfeidhm iad faoi dheireadh bhliain airgeadais 2020.

Baineann saincheisteanna earnála le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm san earnáil IAO. Gan Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a bheith i bhfeidhm, bronntar incrimintí le síniú bainisteora.

*Párolla agus coinneáil taifead AD*

Bhí NCAD dúnta do bhaill foirne neamhriachtanacha ó mhí an Mhárta 2020 de dheasca thús Covid-19. Bunaíodh nósanna imeachta cianoibre agus próisis athbhreithnithe chun a chinntiú go go gcoinnítear leithscaradh dualgas agus maoirsiú iomchuí.

Rinneadh feabhsúcháin mhóra bliain i ndiaidh bliana ó bunaíodh feidhm AD/Párolla laistigh de NCAD. Is próiseas feabhsúcháin leanúnaigh é atá fós ar siúl. In 2019/20, sainaithníodh mionlaigí maidir le próiseas doiciméadaithe tosaitheoirí/lucht fágála. Mar thoradh air sin, táthar tar éis maolú breise a chur i bhfeidhm, rud a laghdóidh an seans go dtarlóidh a leithéid arís.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

________________________________

**Sarah Glennie**

**Stiúrthóir**

**Dáta:** 27/05/2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi athruithe ar chúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhaidh airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais seo léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choláiste ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar chríoch sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 –– Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### *Béim ar ábhar – sócmhainn maoinithe pinsean iarchurtha*

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 15 a bhaineann le sochair scoir agus d'aitheantas arna bhfabhrú ag foireann reatha agus iar-fhoireann suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

Leis an tsócmhainn maoinithe pinsean iarchurtha a aithint maidir leis an Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair), (€2.5 milliún) léirítear na forálacha reachtúla a bhaineann le maoiniú na scéime sin.

Ciallaíonn aithint sócmhainne i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais Foirne (€89.3 milliún) go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun dliteanais pinsin a sheasamh de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den tslí ar láimhseáladh na cuntais ná an bonn tuisceana go ndéanfar aon ioncam a ghinfidh an Coláiste a chur, i dtosach báire, in aghaidh costais reatha agus go seasfaidh maoiniú Stáit aon ghannchion in acmhainní a bheidh de dhíth chun dliteanais pinsean amach anseo a sheasamh.

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gColáiste agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Coláiste faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas um rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhar sin.

**Peter Kinsley**
**Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus**

**28 Bealtaine 2021**

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 15 (1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- breithiúnas a dhéanamh maidir le húsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a bheith iomchuí, agus
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi alt 15(2 ) den Achta um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choláiste agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cuntas ina iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de dheasca calaoisí nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh sé go dtagann míráitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist gan míshonrú ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras mór ar chumas an Choláiste ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

  Má thagaim ar an tátal gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé suas go dáta na tuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an gColáiste éirí as mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha..

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir le na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le gach comhlacht a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu. Tuairiscím freisin trí eisceacht más fíor, i mo thuairimse, aon cheann de na ráitis seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh orthu, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**

**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 4 | 8,851 | 8,535 |
| Táillí Acadúla | 3 | 8,315 | 7,840 |
| Amúchadh ar an gCiste Caipitil | | 456 | 409 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí Eile | 5 | 174 | 377 |
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir | 15(c) | 1,023 | 1,681 |
| Ioncam Eile | 6 | 127 | 224 |
| **Ioncam Iomlán** | | **18,946** | **18,962** |
| | | | |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais soláthair foirne: | 7 | 11,650 | 11,169 |
| Costais sochair scoir | 15(a) | 3,068 | 3,768 |
| Costais oibríochta eile | 8 | 3,433 | 3,336 |
| Dímheas | 11 | 456 | 412 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **18,607** | **18,685** |
| | | | |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | 338 | 277 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

Richard Thorn,
*Cathaoirleach an Bhoird*

27 Bealtaine 2021

*Dáta*

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

27 Bealtaine 2021

*Dáta*

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | 338 | 277 |
| Gnóthachain / (caillteanas) achtúireacha ar cheanglais sochair scoir | 15 (d) | 1,328 | (1502) |
| Coigeartú ar mhaoiniú um shochair scoir iarchurtha | 15(b) | (1,328) | 1,502 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán sa bhliain** | | 338 | 277 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

Richard Thorn,
*Cathaoirleach an Bhoird*

27 Bealtaine 2021
*Dáta*

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

27 Bealtaine 2021
*Dáta*

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CUNTAS CAIPITIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| | Caipiteal Cuntas €000 | Srianta Cúlchistí €'000 | Ioncam agus Cúlchiste Caiteachais €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018** | 19,562 | 194 | (1,259) | 18,497 |
| Barrachas / (Easnamh) ón Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas | - | - | 277 | 277 |
| Amúchadh ar an gcuntas caipitil | (409) | - | - | (409) |
| Deontas Stáit arna leithroinnt chuig an gcuntas caipitil | 277 | - | - | 277 |
| Aistrithe idir Cúlchistí | - | (17) | 17 | - |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2019** | 19,430 | 177 | (965) | 18,642 |
| Barrachas / (Easnamh) ón Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas | | | 338 | 338 |
| Amúchadh ar an gcuntas caipitil | (456) | | | (456) |
| Deontas Stáit arna leithroinnt chuig an gcuntas caipitil | 457 | | | 457 |
| Gluaiseacht i gCúlchistí | - | (10) | | (10) |
| Aistrithe idir Cúlchistí | - | (21) | 21 | - |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020** | 19,431 | 146 | (606) | 18,971 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Richard Thorn,
*Cathaoirleach an Bhoird*

27 Bealtaine 2021

___________________________

*Dáta*



Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

27 Bealtaine 2021

_____________________________

*Dáta*

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 11 | 19,417 | 19,416 |
| Sócmhainní oidhreachta | 12 | 20 | 20 |
| | | 19,437 | 19,436 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte | 13 | 1,436 | 1,354 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | 2,811 | 1,948 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 4,247 | 3,302 |
| **Dliteanais reatha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | 14 | (4,714) | (4,096) |
| | | (4,714) | (4,096) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha lúide dliteanais reatha** | | (466) | (794) |
| **Iomlán na sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | 18,971 | 18,642 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 15 (d) | 91760 | 92,065 |
| Dliteanais Phinsin | 15(b) | (91,760) | (92,065) |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 18,971 | 18,642 |
| **An Cuntas Cúlchistí agus Caipitil** | | | |
| Cuntas Caipitil | | 19,431 | 19,430 |
| Cúlchistí Teoranta | | 146 | 177 |
| Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | | (606) | (965) |
| | | 18,971 | 18,642 |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

Richard Thorn,
*Cathaoirleach an Bhoird*

*Dáta: 27 Bealtaine 2021*

Sarah Glennie,
*Stiúrthóir*

*Dáta: 27/05/2021*

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**
**RÁITEAS AR SREAFAÍ AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

| | **Nótaí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | 338 | 277 |
| **Coigeartú do mhíreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 11 | 456 | 412 |
| Amúchadh ar an gcuntas caipitil | | (456) | (409) |
| Deontas Stáit arna leithroinnt chuig caipitil | 4 | 457 | 277 |
| Laghdú / (Méadú) ar infhháltais | | (82) | 433 |
| Méadú)/laghdú ar infhháltais | | 618 | 598 |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,330** | **1,588** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra, trealamh & Sócmhainní Oidhreachta a fháil | 11& 12 | (457) | (277) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(457)** | **(277)** |
| **Sreabhadh airgid ar ghluaiseachtaí cúlchistí teoranta** | | (10) | - |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim sa bhliain** | | **863** | **1,311** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ar an 1 Deireadh Fómhair 2019 | 16 | 1,948 | 636 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ar an 30 Meán Fómhair 2020 | 16 | **2811** | **1,948** |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:

Richard Thorn,
Cathaoirleach an Bhoird

27 Bealtaine 2021

Dáta

Sarah Glennie,
Stiúrthóir

27 Bealtaine 2021

Dáta

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1 BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais.

**(a) Eolas ginearálta agus Ráiteas Comhlíontachta**

Bunaíodh an Coláiste faoin Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971 agus tá a Cheann Oifig lonnaithe ag 100 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Fís oibre an Choláiste Naisiúnta Ealaíne is Deartha: An tionchar a spreagann cleachtas criticiúil agus nuálaíocht radacach trí bharr feabhais san ealaín agus dearadh. Múnlaíonn Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha an domhan ábharach anseo sa bhaile agus go hidirnáisiúnta trí uileghabhálacht, dioscúrsa poiblí agus rannpháirtíocht cultúir.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Is eintiteas leasa phoiblí é an Coláiste agus dá bharr sin tá ceanglais chuí eintitis leasa phoiblí an FRS 102 curtha i bhfeidhm.

Ullmhaíodh na cuntais i Euro, airgeadra feidhmeach na cuideachta. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais seo don €1,000 is gaire.

b) Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus comhaontaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 15(1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971.

**(c) Gnóthas Leantach**

Thabhaigh an Coláiste sraith easnamh oibriúcháin roimh 2014 agus mar thoradh air sin tugadh easnamh carnach ar aghaidh ar feadh roinnt blianta.

Léirítear i ráitis airgeadais an Choláiste barrachas €338,000 (2019: barrachas €277,000) agus easnamh sa chúlchiste ioncaim agus caiteachais de €606,000 (2019: easnamh €965,000). Táthar ag súil go dtacóidh líon breise na mac léinn a earcófar bliain i ndiaidh bliana, de réir réamh-mheastachán an Choláiste, le haghaidh a thabhairt ar a easnaimh i gcúlchistí faoin mbliain 2025.

Bhí an Coláiste i mbun plé leanúnach leis an Údarás um Ardoideachais maidir le staid airgeadais an Choláiste. Tá an Coláiste tar éis tabhairt faoi chlár costchiorraithe neamhphá, agus bearta breise riachtanacha amhail clár cuimsitheach um buiséad a shocrú, le hathbhreithniú feidhmíochta míosúla á dhéanamh ag an ardbhainistíocht chun a chinntiú go n-oibreoidh sé le barrachas cúlchiste ioncaim agus caiteachais i dtréimhsí amach anseo.

Leanann an Coláiste ag oibriú faoi na srianta sláinte agus sábhailteachta atá i bhfeidhm de dheasca Covid-19 agus ghlac pobal an Choláiste, idir fhoireann agus mhic léinn, go toilteanach leis na srianta seo, ag cloí leis na bearta agus ag gníomhú go freagrach agus mar is ceart má thagann siad i dteagmháil le Covid-19.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

Ba mhór ag an gColáiste an tacaíocht airgeadais a deonaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachais le haghaidh infheistíocht riachtanach i dtrealamh TF, soláthar foirne breise agus bearta sláinte agus sábháilteachta a bhí ag teastáil de dheasca Covid-19. Chinntigh an t-airgead seo go raibh an Coláiste in ann leanúint ar aghaidh ag oibriú ag ardleibhéal éifeachtúlachta.

Ar an mbonn seo, agus tionchar srianta Covid-19 ar an gColáiste á chur san áireamh, agus le chéile leis na cúlchistí airgid arna gcoinneáil ag an gColáiste, measann Comhaltaí an Bhoird go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar Bhonn Gnóthais Leantaigh.

**(d) Talamh agus Foirgnimh**
Luaitear thalamh gléasra agus Foirgnimh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú.

Rinne McNally Handy and Partners, Suirbhéirí Cairte luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh an Choláiste ar dháta éifeachtach an 1 Deireadh Fómhair 2014, arb é an dáta aistrithe le haghaidh tuairiscithe faoi FRS 102. Roghnaigh an Coláiste an luacháil seo a úsáid mar chostas measta Talamh agus Foirgnimh an Choláiste amhail ar dháta an aistrithe.

**(d) (ii) Maoin, gléasra agus trealamh**
Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Déantar gach maoin, fearas agus trealamh, seachas talamh ruílse, a dhímheas ag rátaí a ríomhtar d'fhonn an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saolré úsáide measta:

| **Catagóir Sócmhainne** | **Ráta dímheasa** | |
|---|---|---|
| Talamh | 0% | sa bhliain |
| Foirgnimh | 2% | sa bhliain |
| Foirgnimh athluacháilte ar 01/10/2014 | 4.4% | sa bhliain |
| Feabhsúcháin Léasachta | 25% | sa bhliain |
| Gléasra agus Trealamh | 10% | sa bhliain |
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 20% | sa bhliain |
| Trealamh & Bogearraí | 33.33% | sa bhliain |

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar lagú luach na sócmhainne ann, aithnítear cailliúint lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas.

**(e) Sócmhainní Oidhreachta**
Tá sócmhainní oidhreachta mar leabhair, pictiúir agus saothair ealaíne á gcoinneáil agus á gcothabháil ag an gColáiste. Ní dhéantar sócmhainní seasta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 a chaipitliú sna ráitis airgeadais mar gur measadh nach bhféadfaí aon luach réasúnach a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoina mbunchostas ceannaigh. Déantar gach costas a tabhaíodh maidir le caomhnú agus coimeád a íoc mar a thabhaítear iad.

Maidir le breisithe sócmhainní Oidhreachta a fuarthas i ndiaidh 1 Deireadh Fómhair 2015, déanann an Coláiste caipitliú orthu sin de réir costas (i gcás cinn a cheannaíonn an Coláiste) nó de réir a luach cóir (i gcás bronntanas). Is éard is luach cóir ann ná an méid atá le fáil ar shócmhainn a dhíol in idirbheart neamhthuilleamaí idir páirtithe eolasacha, toilteanacha, lúide an costas diúscartha.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

Cé gur saineolaithe oiriúnacha a dhéanann na luachálacha, mar gheall ar thréithe na sócmhainní agus nádúr éagsúil an bhailiúcháin arb margadh é ina mbíonn idirbhearta teoranta, bíonn leibhéal ard breithiúnais i gceist chun luachanna cóir a chur ar an mbailiúchán.

Déantar sócmhainní oidhreachta a thugtar mar bhronntanais a chaipitliú ag tagairt dá luach árachais ó tharla leis sin go meastar a luach cóir. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta de luach nach lú ná €5,000 a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

**(f) Infháltais**
Aithnítear infháltais ag luach cóir.

**(g) Cánachas**
Mar charthanas díolmhaithe, níl an Coláiste faoi dhliteanas cánach corparáide nó cánach ioncaim ar aon cheann dá ghníomhaíochtaí carthanúla. Tá sé cláraithe le haghaidh cánach breisluacha.  Tá sé cláraithe le haghaidh cánach breisluacha, áfach, ós rud é gur gníomhaíocht díolmhaithe é soláthar oideachais nach ngearrtar aon cháin aschuir air ní féidir leis cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a gceannach. Tá gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe sa Choláiste faoi dhliteanas CBL. Cuireann an Coláiste aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**(h) Ioncam a Aithint**
**Deontais Stáit**
Leithdháileann an tÚdarás um Ard-Oideachas Deontais Stáit le haghaidh caiteachais athfhillteach ar bhonn bliana féilire. Is é an deontas a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an méid a chinntear a bheith oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha, bunaithe ar scoilt 75% / 25% den deontas bliana féilire.

Aithnítear deontais stáit eile ar bhonn fabhruithe de réir leibhéal na gníomhaíochta sa bhliain.

**Ioncam ó Tháillí Acadúla**
Aithnítear Ioncam Táille Acadúil (lena n-áirítear Oideachas Leanúnach in Ealaín & Dearadh) sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

**Deontais Stáit um Thaighde**
Déantar ioncam ó dheontais taighde agus conarthaí eile ón stát a mheaitseáil le caiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

**Deontais um thaighde nach deontais Stáit iad**
Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhstáit sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a chomhlíontar téarmaí a bhaineann le feidhmíocht. Má shonraítear srian in úsáid ach nach bhfuil aon choinníoll ann a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a bhíonn an Coláiste i dteideal an ioncaim.

Coinnítear deontais le coinníollacha neamhlíonta a bhaineann le feidhmíocht mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ag an bpointe sin déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Déantar deontais a bhfuil srianta orthu a thaifeadadh laistigh den Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas ar theidlíocht don ioncam agus coinnítear ina dhiaidh sin é i gcúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas sin i gcomhréir leis an srian.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**Tabhartais agus Dearlaicí**
Is tabhartais agus dearlaicí iad na hidirbhearta neamhaistrithe nach bhfuil coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht ag baint leo. Aithnítear tabhartais agus dearlaicí le srianta arna gcur i bhfeidhm ag an deontóir san ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal an ioncaim. Coinnítear ioncam laistigh den chúlchiste srianta go dtí cibé tráth go mbaintear úsáid as i gcomhréir leis na srianta sin agus ag an bpointe sin, scaoiltear an t-ioncam chuig na cúlchistí ginearálta tríd aistriú cúlchiste. Aithnítear tabhartais agus dearlaicí nach bhfuil aon srianta leo san ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal an ioncaim.

**Ioncam ó Ús**
Déantar gach ioncaim ó thaiscí gearrthéarmacha a chur chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ar saothraíodh é.

**(i) Sochair Fostaithe**

**Sochair ghearrthéarma**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Níl aon fhabhrú ann maidir le pá saoire sa bhliain don fhoireann acadúil mar gheall ar na cineálacha conarthaí atá acu.

**Sochair scoir**
Tá scéim pinsin sochair shainithe i bhfeidhm sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil ina leith lena n-áirítear airgead a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as tuarastal na foirne.

Léirítear i gcostais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí na mball foirne arna gcoinneáil ag an Choláiste. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is féidir í a aisghabháil agus fritháirítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn Dliteanais Pinsean luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh in-aisghabhála i dtréimhsí amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

Tá Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) i bhfeidhm freisin sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar scéim pinsin sochair shainithe atá i gceist do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**(j) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear caiteachas cíos faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothroim i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas nuair a bhaineann méaduithe cíosa leis an ráta ionchasach boilscithe, agus aithnítear na méaduithe seo sa chás seo nuair a thabhaítear iad. Tuairiscítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**(k) Airgeadra Eachtrach**
Taifeadtar idirbhearta in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe ar dháta an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais a ainmnítear in airgeadra coigríche ag deireadh na bliana airgeadais a thuairisciú ag na rátaí malartaithe a bhí i réim ag an dáta sin.

**(l) Cuntas Caipitil**
Léiríonn an cuntas caipitil luach gan amúchadh mhaoiniú an Stáit arna leithdháileadh le haghaidh maoine, gléasra, trealamh agus sócmhainní oidhreachta a ceannaíodh i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015.

**(m) Socruithe Gníomhaireachta**
Feidhmíonn an Coláiste ina ghníomhaire maidir le bailiú cistí tacaíochta agus cistí tacaíochta a íoc. Ní áirítear íocaíochtaí gaolmhara ón HEA ná eisíocaíochtaí chuig mic léinn dá réir sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus taispeántar ar leithligh iad i Nóta 21.

**2 BREITHIÚNAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA AGUS NA PRÍOMHCHÚISEANNA ATÁ LE NEAMHCHINNTEACHT MEASTACHÁN**
D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

***Dímheas agus Luachanna Iarmharacha***
Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaoltréimhsí na sócmhainní agus ar na luacha iarmharacha atá gaolmhar le gach aon aicme de shócmhainn sheasta daingneáin agus feistis agus tháinig an Bord ar an tuairim go raibh saoltréimhsí na sócmhainní agus na luacha iarmharacha iomchuí.

***Oibleagáidí Sochair Scoir***
Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí maidir le cúram sláinte) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:
(I) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
(Ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí: agus
(Iii) rátaí treochta costais cúraim sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha.
(iv) ionchas saoil déimeagrafach iarscortha.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

| **3 TÁILLÍ TEAGAISC** | **'Coibhéis lánaimseartha' (CL)** | **2020** | **'Coibhéis lánaimseartha' (CL)** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | | €000 |
| Táillí Teagaisc Lánaimseartha | 1,021 | 5,280 | 962 | 4,902 |
| Ranníocaíocht Mac Léinn | 916 | 2,686 | 867 | 2,601 |
| Táillí Teagaisc Páirtaimseartha | 21 | 61 | 19 | 60 |
| Táillí d'Oideachas Leantach san Ealaín & Dearadh | 615 | 288 | 694 | 278 |
| | | **8,315** | | **7,840** |

Luaitear líon na mac léin mar choibhéis lánaimseartha bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

| **4 DEONTAIS STÁIT** | **2020 Leithroinnte do Chaiteachas Athfhillteach** | **2020 Leithroinnte do Chaiteachas Caipitil** | **2020 Iomlán** | **2019 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **An tÚdarás um Ard-Oideachas** | | | | |
| Deontais Athfhillteach | 7,523 | 457 | 7,980 | 7,875 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 40 | | 40 | 40 |
| Deontais um Míchumas & Cúnamh Airgeadais | 57 | | 57 | 74 |
| Rochtain & Dul Chun Cinn Feabhsaithe | 199 | | 199 | 179 |
| An Ghaeilge | 3 | | 3 | 3 |
| Tacaíochtaí Airgeadais Covid-19 | 348 | | 348 | - |
| Cúnamh do Mhic Léinn | 63 | | 63 | 66 |
| Litearthacht agus Uimhearthacht | 55 | | 55 | 21 |
| Forbairt Oideachais Inbhuanaithe | - | | - | 22 |
| Deontais Eile | 498 | | 498 | 470 |
| **Deontais Eile Stáit** | | | | |
| An Chomhairle Ealaíon | 65 | | 65 | 62 |
| **Iomlán 2020** | 8,851 | 457 | 9,308 | **8,812** |
| **Iomlán 2019** | **8,535** | **277** | **8,812** | |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

## 5 DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ioncam** | | |
| Stáit agus Leathstáit | 123 | 213 |
| AE | 43 | 17 |
| Tionscal | (3) | 61 |
| Eile | 11 | 18 |
| **Ioncam Iomlán** | 174 | 309 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais soláthair foirne: | 70 | 83 |
| Costais Oibríochta Eile | 107 | 199 |
| **Costais iomlána** | 177 | 282 |
| | | |
| **Glantoradh** | **(3)** | **27** |

## 6 IONCAM EILE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | - | 13 |
| Urraíocht/Tabhartais | - | 16 |
| Ioncam ó Imeachtaí | 5 | 5 |
| Táillí Mac Léinn | 14 | 39 |
| Ioncam ó Fhótachóipeáil | 41 | 63 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 67 | 88 |
| | 127 | 224 |

## 7 COSTAIS FOIRNE

Is é seo a leanas meánlíon na ndaoine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearacha) arna bhfostú ag an gColáiste i rith na bliana, arna léiriú i gcoibhéis lánaimseartha:

| | 2020<br>Líon na<br>na bhfostaithe | 2019<br>Líon na<br>na bhfostaithe |
|---|---|---|
| Teagasc | 76.5 | 75.1 |
| Taighde | 1.2 | 1.2 |
| Riarachán Teicniúil, Tacaíochta agus Riaracháin Láir | 77.4 | 76.4 |
| | 155.1 | 152.7 |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal agus pá | 10,635 | 10,095 |
| Costais leasa shóisialaigh | 1,015 | 1,074 |
| Costais leasa fostóra | - | - |
| | 11,650 | 11,169 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**7 COSTAIS FOIRNE (ar leanúint)**

Léirítear anseo thíos líon na mball foirne a fuair luach saothair lena n-áirítear sochair chomhchineáil sna réimsí seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **Líon ball foirne** | **Líon ball foirne** |
| €60,001 go €70,000 sa bhliain | 20 | 22 |
| €70,001 go €80,000 sa bhliain | 6 | 6 |
| €80,001 go €90,000 sa bhliain | 24 | 25 |
| €90,001 go €100,000 sa bhliain | 9 | 6 |
| €100,001 go €110,000 sa bhliain | 3 | 4 |
| €110,001 go €120,000 sa bhliain | 2 | 2 |
| €120,001 go €130,000 sa bhliain | - | - |
| €130,001 go €140,000 sa bhliain | - | - |
| Os cionn €140,000 sa bhliain | 1 | 1 |
| | 65 | 66 |

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear leis na sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal; ragobair; liúntais agus íocaíochtaí eile a ndearnadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

**Cúiteamh don phríomhbhainistíocht**
I measc phríomhphearsa bainistíochta an Choláiste, tá an Stiúrthóir, Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha/Cláraitheoir. Tá luach saothair iomlán an phríomhphearsanra bainistíochta comhdhéanta mar seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal agus pá | 243 | 256 |
| Costais leasa shóisialaigh | 26 | 26 |
| | 269 | 282 |

Cuimsíonn an cúiteamh thuas méideanna is iníoctha leis an Stiúrthóir (arb é an ball is airde pá é) de:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal agus pá | 149 | 147 |
| Costais leasa shóisialaigh | 16 | 15 |
| | 165 | 162 |

Tá an Stiúrthóir ina bhall de Scéim Pinsin Aoisliúntais NCAD agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

| **8 COSTAIS OIBRÍOCHTA EILE** | **Nótaí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin | | 120 | 113 |
| Ábhair agus Tomhaltáin | | 132 | 166 |
| Seirbhísí Mac Léinn | | 276 | 212 |
| Taisteal mac léinn arna mhaoiniú go seachtrach | | 228 | 122 |
| Táillí Scrúduithe agus Clárúcháin | | 106 | 79 |
| Táillí agus costais scrúdaitheoirí | | 25 | 35 |
| Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht | | 18 | 24 |
| Costais Taighde | | 107 | 199 |
| Gailearaí | | 6 | 13 |
| Soilsiú, Teas agus Cumhacht | | 218 | 294 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | | 234 | 329 |
| Costais glantacháin | | 171 | 283 |
| Slándáil | | 116 | 148 |
| Cíos agus Rátaí | | 184 | 115 |
| Teileafón | | 62 | 58 |
| Trealamh ar léas | | 31 | 44 |
| Soláthairtí Stáiseanóireachta agus Priontáil | | 21 | 51 |
| Costais Fótachóipeála | | 18 | 24 |
| Postas agus Cúiréirí | | 9 | 11 |
| Caiteachas TF | | 249 | 235 |
| Táillí Gairmiúla | | 435 | 339 |
| Ballraíochtaí agus Síntiúis | | 48 | 15 |
| Forbairt agus oiliúint foirne | | 37 | 60 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | | 105 | 66 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 44 | 67 |
| Poiblíocht agus Caidreamh Poiblí | | 72 | 64 |
| Árachas | | 145 | 130 |
| Costais Shábháilteachta | | 94 | 15 |
| Caiteachas Siamsaíochta | | 1 | 6 |
| Nithe Ilghnéitheacha | | 102 | (9) |
| Díscríobh ar Dhrochfhiacha | | 19 | 28 |
| | | 3,433 | 3,336 |

| **Áirítear ar chostais oibríochta eile:** | | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| Luach saothair na n-iniúchóirí | | €000 | €000 |
| Iniúchadh seachtrach - Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | | 61 | 30 |
| Iniúchadh Inmheánach - Mazars | | 44 | 36 |
| | | | |
| Fruiliú sócmhainní faoi léasanna oibriúcháin (costas bliana iomláine) | 18 | 31 | 44 |
| | | | |
| Áitreabh ar cíos faoi léas (cuid den chíos agus costas rátaí thuas) | 18 | 144 | 64 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

## 9 CÁNACHAS

Tá an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú um stádas carthanais.

| 10 ANAILÍS AR CHAITEACHAS | Costais soláthair foirne: 2020 | Costais Oibríochta Eile 2020 | Iomlán 2020 | Iomlán 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Rannóga Acadúla | 8,543 | 359 | 8,902 | 7,938 |
| Seirbhísí Acadúla & Seirbhísí Lárnacha eile | 315 | 290 | 605 | 1,130 |
| Áitreabh | 676 | 569 | 1,245 | 1,589 |
| Riarachán Lárnach | 1,541 | 1284 | 2,825 | 2,685 |
| Costais oibriúcháin a bhaineann go sonrach le Covid-19 | 16 | 228 | 244 | |
| Costais Ghinearálta Oideachais | 489 | 476 | 965 | 79 |
| Áiseanna agus Fóntais Mac Léinn | - | 121 | 121 | 802 |
| Caiteachas Taighde | 70 | 106 | 176 | 282 |
| Iomlán 2020 | 11650 | 3,433 | 15,083 | 14,505 |
| Iomlán 2019 | 11169 | 3,336 | | |
| Dímheas | | | 456 | 412 |
| Costais sochair scoir | | | 3,068 | 3,768 |
| | | | 18,607 | 18,685 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

## 11 RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Talamh & Foirgnimh €000 | Feistiú Guinness €000 | Fearas & Trealamh €000 | Daingneáin & Feistis €000 | Ríomhairí Trealamh €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid 1 DF 2019 | 20,318 | 306 | 351 | 453 | 1,075 | 22,503 |
| Breiseanna | - | - | 184 | 156 | 117 | 457 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Coigeartú Athluachála | - | - | - | - | - | - |
| Iarmhéid 30 MF 2020 | 20,318 | 306 | 535 | 609 | 1,192 | 22,960 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid 1 DF 2019 | 1286 | 306 | 195 | 299 | 1,001 | 3,087 |
| Táille don bhliain | 261 | - | 31 | 80 | 84 | 456 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Coigeartú Athluachála | - | - | - | - | - | - |
| Dímheas iomlán in 2020 | 1,547 | 306 | 226 | 379 | 1,085 | 3,543 |
| Glanluach de réir na leabhar an 30 Meán Fómhair 2020 | 18,771 | - | 309 | 229 | 108 | 19,417 |
| Glanluach de réir na leabhar an 30 Meán Fómhair 2019 | 19,032 | - | 157 | 153 | 74 | 19,416 |

## 12 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

| | Ceannaithe €000 | Bronnta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| 01/10/2015 go 30/09/2016 | 9 | - | 9 |
| 01/10/2016 go 30/09/2017 | - | - | - |
| 01/10/2017 go 30/09/2018 | 11 | - | 11 |
| 01/10/2018 go 30/09/2019 | - | - | - |
| 01/10/2019 go 30/09/2020 | | | |
| | 20 | - | 20 |

Tá bailiúchán (ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-ealaíon) i seilbh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha de leabhair, lámhscríbhinní agus saothair ealaíne a fuarthas trí dheonacháin agus tabhartais den chuid is mó. Níor caitheadh le míreanna a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair sna Ráitis Airgeadais mar shócmhainní seasta mar nach féidir aon luach tairbhiúil a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoin mbunchostas ceannaigh agus de bharr nach féidir luach reatha a chur na sócmhainní seo go réidh.
Cuireadh tús le cleachtadh in 2017/18 ina bhfuil na sócmhainní oidhreachta go léir á dtaifeadadh i gclárlann sócmhainní oidhreachta.
Níor dearnadh aon sócmhainní oidhreachta a dhiúscairt i rith na bliana.
Déantar gach costas a tabhaíodh maidir le caomhnú agus coimeád a íoc mar a thabhaítear iad.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**13 INFHÁLTAIS**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infháltais ó Tháillí Acadúla | 103 | 89 |
| Deontais Stáit infhaighte | 980 | 806 |
| Suimeanna infhaighte trádála | 7 | 61 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí infhaighte | 114 | 132 |
| Réamhíocaíochtaí | 220 | 234 |
| Suimeanna infhaighte eile | 12 | 32 |
| | 1,436 | 1,354 |

**14 DLITEANAIS REATHA**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Conarthaí iarchurtha | 184 | 65 |
| Deontais taighde agus conarthaí eile roimh ré | 54 | 170 |
| Ioncam eile iarchurtha | 6 | 4 |
| Táillí teagaisc faighte roimh ré | 1,015 | 1,617 |
| Deontas Stáit faighte roimh ré | 2,071 | 1,267 |
| Fabhruithe | 892 | 520 |
| Cáin agus slándáil shóisialta eile | 350 | 331 |
| Nithe eile iníoctha | 142 | 122 |
| | 4,714 | 4,096 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

## 15 SOCHAIR SCOIR

Bunaíodh Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéim Pinsin Leanaí agus Céile faoi Alt 20 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971 in Eanáir 1984 agus Meán Fómhair 1987 faoi seach. Is scéimeanna neamh-mhaoinithe iad scéimeanna pinsin an Choláiste. Déanann an fhoireann ranníocaíocht ag ráta 5% sa Scéim Aoisliúntais Foirne agus 1.5% sa Scéim Pinsin Leanaí agus Céile. Cuirtear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) ar fáil faoin scéim chomh maith le cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanaí. Breithlá 65 bliain an ghnáthaois scoir na gcomhaltaí agus tá comhaltaí a thosaigh roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan asbhaint achtúireach ó aois a 60 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin atá le íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Is í Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Forálann an tAcht do phinsean agus do chnapshuim ar dul ar scor bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin le linn do ghairme chomh maith le pinsin céile agus leanaí. Is é 66 bliain an t-íosaois pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear leis áis luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55 bliain d'aois. I gcás pinsean atá á n-íoc, méadaítear iad i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Cuirtear baill scéime aonair san áireamh sa dliteanas pinsin an 30 Meán Fómhair 2018, chuir na ríomhanna achtúireacha san áireamh na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim sin. Baineann €2.5m den dliteanas €91.8m ar an 30 Meán Fómhair leis an Scéim Aonair.

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(a) Anailís ar Chostais Phinsin Iomlána breactha chun dochair Caiteachas** | | |
| Costais seirbhíse reatha | 2,714 | 2,529 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 692 | 1,595 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaí | (338) | (356) |
| | 3,068 | 3,768 |

| **(b) Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas Scéime le linn na Bliana** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dliteanas Scéime ag Tús na Bliana | 92,065 | 88,918 |
| Costais Seirbhíse Reatha | 2,714 | 2,529 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime | 692 | 1,595 |
| Sochair a Íocadh sa Bhliain | (2,383) | (2,479) |
| Caillteanas Achtúireach / (Gnóthachan) a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlán Aitheanta | (1,328) | 1,502 |
| Dliteanas Scéime ag Deireadh na Bliana | 91,760 | 92,065 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**(c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin**

Aithníonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn tacar toimhdí a thuairiscítear sa nóta seo agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun an scéim pinsin a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha nach leanfar ar aghaidh riar ar na suimeanna dá dhála de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas an Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais na bliana reatha | 3,406 | 4,124 |
| Deontais ón Údarás um Ard-Oideachas curtha i bhfeidhm chun sochair pinsean a íoc | (2,383) | (2,479) |
| Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain | 1,023 | 1,645 |

B'ionann an tsócmhainn cistithe iarchurtha le haghaidh pinsin agus €91,760,000 ar an 30 Meán Fómhair 2019 (2019: 92,065,000).

**d) Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha**

| | **2020** | **2019** | **2018** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Oibleagáidí Sochair Iarchurtha | 91,760 | 92,065 | 88,918 | 86,266 | 87,362 |
| | | | | | |
| Taithí gnóthachain/(caillteanais) ar an Scéim | | | | | |
| Suim na nDliteanas | (1,328) | 1,502 | 614 | (2,788) | 12,686 |
| Céatadán de Dhliteanas Scéime | (1.5%) | 1.6% | 0.7% | (3.2%) | 14.5% |

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS102 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe an 30 Eanáir 2019, agus aird ar riachtanais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 30 Meán Fómhair 2020.

Ag seo a leanas, na príomhthoimhdí achtúireacha:

| Boinn Tuisceanna | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.15% | 0.75% |
| Bonn tuisceana i leith ardú tuarastail | 2.35% | 2.20% |
| Bonn tuisceana i leith ardú pinsin | 2.35% | 2.20% |
| Bonn tuisceana i leith ardú pinsin | 2.35% | 2.20% |
| Boilsciú praghsanna | 1.35% | 1.20% |

Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun dliteanais pinsean a chinneadh:

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Fir in aois 65 | 21.4 | 21.3 |
| Mná in aois 65 | 24.0 | 23.9 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**16 ANAILÍS AR AIRGEAD TIRIM AGUS COMHLUACH IN AIRGEAD TIRIM**

| | Amhail an 01/10/2019 €000 | Sreafaí airgid €000 | Amhail an 30/09/2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | 1,948 | 863 | 2,811 |
| | 1,948 | 863 | 2,811 |

**17 CEANGALTAIS CHAIPITIL**

B'ionann na ceangaltais chaipitil amhail an 30 Meán Fómhair 2020 agus €Nialas (2019: €120k). Cuireadh tús le hoibreacha suirbhé láithreáin i mí Aibreáin 2021 maidir le tionscadal athchóirithe an Choláiste, arna mhaoiniú ag ÚAO (€2.2m).

**18 TIOMANTAIS LÉASA**

Amhail an 30 Meán Fómhair, b'ionann íosmhéid íocaíochtaí léasa an Choláiste faoi léasanna oibríochta neamh-incheallaithe agus iad seo a leanas:

| | Talamh agus Foirgnimh | | Eile | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Íosmhéid íocaíochtaí léasa dlite amach anseo:** | | | | |
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 48 | 48 | 27 | 9 |
| Tráth níos déanaí ná bliain amháin, ach tráth nach faide ná cúig bliana | - | 30 | - | 1 |
| Níos mó ná 5 bliana | - | - | - | - |
| | 48 | 78 | 27 | 10 |

Tá áitreabh ar léas ag an gColáiste ar Shráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8. Is léas ceithre bliana é dul in éag i Meitheamh 2019. Rinneadh an leas seo a athnuachan ar feadh tréimhse bliana i mí Lúnasa 2019. Chuir an Coláiste tús le léas breise 1 bhliain le háitreabh ar Shráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8 i mí Lúnasa 2019 a chumhdóidh an chéad bhliain acadúla eile.

Tógann an Coláiste gléasanna fótachóipeála amach ar léas freisin. Baineann tréimhse trí bliana le gach léas a dhéantar a athnuachan nuair a théann an léas in éag, i ndiaidh próisis soláthair tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais.

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**19 NOCHTADH Ó PHÁIRTITHE GAOLMHARA**

Glacann an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina gcumhdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsaí gnó, is féidir leis an gColáiste Deontais a cheadú nó dul i mbun socruithe conarthacha eile le heintitis ina bhfuil comhaltaí Boird an Choláiste fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu iontu. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní bhfaighidh comhaltaí Boird cáipéisíocht Boird ná ní bhíonn siad rannpháirteach sna pléití a bhaineann leis na hidirbhirt sin ná i láthair acu. Coinnítear clár maidir le gach cás den chineál sin agus tá fáil air ach é a iarraidh.

**20 DLITEANAIS THEAGMHASACHA**

Ní raibh ann do dhliteanais theagmhasacha ar bith ag deireadh an 30 Meán Fómhair 2019.

**21 SUIMEANNA ARNA nEISÍOC MAR GHNÍOMHAIRE**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Deontais UÁO faighte | 252 | 195 |
| Lúide: Costais riaracháin | (24) | (46) |
| | 228 | 100 |
| Arna n-eisíoc le mic léinn | (228) | (122) |
| Iarmhéid gan chaitheamh amhail an 30 Meán Fómhair | - | 27 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**22 Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste**

| Deontaí | Maoiniú Rialtais Roinn / Oifig | Nótaí | Deontas Iarchurtha/(Dlite) 01/10/2019 €000 | Airgead Faighte 2019/20 €000 | Ioncam Tógtha 2019/20 €000 | Deontas Iarchurtha/(Dlite) 30/09/2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais Athfhillteach** | | | | | | |
| ÚÁO (Athfhillteach) | An Roinn Oideachais & Scileanna | | 378 | 9,202 | (8,484) | 1,096 |
| ÚÁO (Erasmus) | An Roinn Oideachais & Scileanna | | 244 | 197 | (222) | 219 |
| * ÚÁO (Bunchuntais) | An Roinn Oideachais & Scileanna | | (112) | 457 | (603) | (258) |
| **Iomlán na nDeontas Athfhillteach Státchiste** | | **4** | **510** | **9,856** | **(9,309)** | **1,057** |
| **Táillí Acadúla** | | | | | | |
| ÚÁO | An Roinn Oideachais & Scileanna | | - | 4,057 | (4,057) | - |
| S.U.S.I. | An Roinn Oideachais & Scileanna | | - | 1,306 | (1,306) | - |
| **Iomlán na dTáillí arna maoiniú ón Státchiste** | | **3** | **-** | **5,363** | **(5,363)** | **-** |
| **Taighde agus Eile** | | | | | | |
| An Chomhairle Ealaíon | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | | (62) | 136 | (65) | 9 |
| **TFE | An Coimisiún Eorpach | | - | - | - | - |
| ISGNE | An Coimisiún Eorpach | | (4) | 1 | (17) | (20) |
| In Public In Particular | An Coimisiún Eorpach | | (13) | 13 | - | - |
| Our Many Europes | An Coimisiún Eorpach | | 3 | - | (6) | (3) |
| PartGo | An Coimisiún Eorpach | | - | - | (7) | (7) |
| Fiontraíocht Éireann | D.B.E.I. | | (27) | 87 | (123) | (63) |
| *Ubuntu | An Roinn Gnóthaí Eachtracha& Trádála | | 1 | 10 | (9) | 2 |
| FSS – N.F.M.H. | An Roinn Sláinte | | (6) | - | (2) | (8) |
| COBÁC & OCBÁC | An Roinn Oideachais & Scileanna | | - | 10 | (10) | (1) |
| ÚÁO Path 1 - 3 | An Roinn Oideachais & Scileanna | | 24 | 16 | (3) | 37 |
| * ÚÁO Path 2 - 3 | An Roinn Oideachais & Scileanna | | - | - | - | - |
| **Iomlán na nDeontas Athfhillteach Státchiste agus Deontais Eile** | | **4& 5** | **(84)** | **273** | **(243)** | **(54)** |
| **Iomlán na nDeontas Athfhillteach Státchiste** | | | **426** | **15,492** | **(14,915)** | **1,003** |

*Táthar tar éis mhaoiniú Path 2 agus Path 3 a bhogadh suas chuig deontais (neamhchroí) ÚAO toisc nach Ioncam Taighde é íocaíocht cistí.

** Táthar tar éis TFE a bhogadh chuig cúlchiste teoranta toisc go mbaineann na cistí le Grúpaí Páirtnéireachta, ní NCAD.

## 23 CEADÚ NA gCUNTAS

Cheadaigh an Bord na cuntais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2020 ag a chruinniú ar an 25 Bealtaine 2021.

## 24 TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Níor tháinig aon imeachtaí suntasacha eile chun cinn ó dheireadh na bliana a imríonn tionchar ar na ráitis airgeadais seo.